2024/747

23.2.2024

# CINNEADH (CBES) 2024/747 ÓN gCOMHAIRLE

## an 23 Feabhra 2024

## lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Sna conclúidí uaithi an 14 agus 15 Nollaig 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh atá ina shárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí go bhfuil an tAontas ag tacú go daingean le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha, mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad, agus le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint ar fhogha na Rúise. Dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach freisin, ó thaobh chumas na Rúise an cogadh foghach seo aici a fhearadh, nach mór leanúint den chumas sin a lagú, lena n-áirítear trí na smachtbhannaí a neartú a thuilleadh.

(3) I bhfianaise thromchúis na staide, is iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(4) Measann an Chomhairle go háirithe gur cheart 106 duine agus 88 eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2024.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
H. LAHBIB

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '1647. | Evgeniy Vladimirovich BAIKIN<br>(Евгений Владимирович БАЙКИН) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Comhstoic 'Globus'<br>Dáta breithe: 11.7.1982<br>Áit bhreithe: An Rúis<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 623007349998 | Tá Evgeniy Baikin ina Stiúrthóir ar an JSC Globus ar fiontar speisialaithe é atá i mbun córais uathoibrithe a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chur i bhfeidhm chun airm agus trealamh míleata a chothabháil agus a rialú. Déanann an fiontar coimpléisc a fhorbairt agus a mhonarú, a ceapadh chun ullmhú le haghaidh úsáid comhraic, agus chun faireachán a dhéanamh ar riocht teicniúil na n-arm treoraithe aerbheirthe agus na gcóras diúracán le haghaidh aerchosaint agus cosaint cabhlaigh.<br>Tá Globus mar chuid den Open Joint-Stock Company Tactical Missile Armament Corporation atá faoi úinéireacht stát na Rúise, a bhaineann leis an Federal Agency for State Property Management [an Ghníomhaireacht Chónaidhme um Bainistiú Maoine Stáit]. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Forbraíonn agus táirgeann Globus coimpléisc Oka agus Oka-E-1, a ceapadh chun ullmhú le haghaidh úsáid comhraic agus faireachán a dhéanamh ar riocht teicniúil na n-arm treoraithe aerbheirthe; stáisiúin rialaithe agus tástála uathoibrithe (ACIS) chun faireachán a dhéanamh ar riocht teicniúil chórais aerchosanta Buk-M1, Buk-M2 agus Buk-M1-2, córais aerchosanta cabhlaigh Kashmir, Shtil agus Shtil-1; agus faireachán ACIS ar riocht teicniúil chórais cosanta aeir S-300V, S-300VM agus córais uathoibrithe lena ndéantar faireachán ar riocht teicniúil tháirgí 3M-24 agus a gcuid modhnuithe ar choimpléasc Uran-E agus táirgí míleata eile. Úsáideann an Rúis na táirgí sin sa chogadh ar an Úcráin.<br><br>Dá bhrí sin, tá Evgeniy Baikin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar an JSC Globus, ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú go hábharach freisin le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an rialtas sin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1648. | Igor Vladimirovich KRYLOV<br>(Игорь Владимирович КРЫЛОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Comhstoic 'Region'<br>Dáta breithe: 22.7.1960<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Igor Krylov ar JSC Region, ar príomhfhorbróir agus soláthróir buamaí treoraithe de chuid na Rúise é don eitlíocht túslíne. Táirgeann JSC 'Region' armálacha cabhlaigh, eitlíochta agus eitlíochta cabhlaigh chomh maith le córais fhrithbheart mianach d'Aireacht Cosanta na Rúise. Thairis sin, is fochuideachta de chuid JSC 'Tactical Missile Armament Corporation' é JSC 'Region', a chuireann go mór le feabhas a chur ar chumais mhíleata chosanta na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Igor Krylov, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC 'Region, ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú go hábharach freisin le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an rialtas sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1649. | Vladimir Alekseevich SOROKIN<br>(Владимир Алексеевич СОРОКИН) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar 'Iskra Engineering Design Bureau JSC a ainmníodh as I.I. Kartukov'<br>Dáta breithe: 31.3.1958<br>Áit bhreithe: Opytny, dúiche Tsivilsky, Chuvash ASSR, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 771516409307 | Is Ard-Stiúrthóir é Vladimir Sorokin ar Iskra Engineering Design Bureau JSC a ainmníodh as I. I. Kartukov. Tá an chuideachta ar cheann de na príomhtháirgeoirí mótar roicéid breosla sholadaigh. D'fhorbair an chuideachta gineadóirí gáis tiomántáin sholadaigh éagsúla a úsáidtear sna meicníochtaí chun gnéithe diúracáin a imscaradh, chun scaoileadh fearas tuirlingthe éigeandála agus chun tús tapa inneall turba-scairde. Ó bunaíodh í, d'fhorbair agus sheachaid an chuideachta níos mó ná 200 inneall tiomántáin sholadaigh do chórais frith-aerárthaí, oirbheartaíochta, eitlíochta, cabhlaigh agus diúracán spáis le haghaidh Aireacht Cosanta na Rúise. Thairis sin, cinntíonn an chuideachta freisin go gcomhlíonann sí na ceanglais maidir le ceadúnú i réimse na n-arm agus an trealaimh mhíleata agus ordú cosanta stáit a fháil.<br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Sorokin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir Iskra Engineering Design Bureau JSC a ainmníodh as I. I. Kartukov, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1650. | Aleksey Aleksandrovich ROSHCHIN<br>(Алексей Александрович РОЩИН) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir OJSC 'Krasnoe Znamya'<br>Áit bhreithe: An Rúis<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 525902365485 | Is Ard-Stiúrthóir é Aleksey Roshchin ar OJSC Krasnoe Znamya. Soláthraíonn an chuideachta sin seirbhísí chun cláir ciorcad priontáilte a chóimeáil agus a shuiteáil. Tá OJSC Krasnoe Znamya ar cheann de na fiontair is mó de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise i réimse na forbartha agus i dtáirgeadh sraitheach táirgí ardteicneolaíochta de chineál innealtóireachta raidió agus trealaimh leictreonaigh ardchruinnis.<br>Tá an chuideachta mar chuid den Almaz-Antey Air and Space Defence Corporation ó 2003. Ó 2007, tá an chuideachta ina lárionad corparáideach den Almaz-Antey concern agus í ag táirgeadh cláir ciorcad priontáilte dhéthaobhacha agus ilsraitheanna in 4-5 aicme chastachta. Tá cuntas teiste ar an gcuideachta maidir le horduithe ó Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme.<br>Dá bhrí sin, tá Aleksey Roshchin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar OJSC Krasnoe Znamya, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1651. | Robert Rishatovich GALIMOV<br>(Роберт Ришатович ГАЛИМОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Serov Mechanical Plant<br>Dáta breithe: 10.3.1975<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 27410781642 | Is Ard-Stiúrthóir é Robert Galimov ar JSC Serov Mechanical Plant, a tháirgeann trealamh do tháirgeadh ola agus gáis, taiscéalaíocht gheolaíoch agus mianadóireacht. Tá JSC Serov Mechanical an-tábhachtach toisc go bhfuil sé ar na cinn is mó a sholáthraíonn trealamh druileála agus táirgeachta ola do mhórchuideachtaí ola na Rúise, mar shampla, Lukoil, Gazpormneft agus Rosneft. Chomh maith leis an ról tábhachtach atá aige i dtionscal breoslaí iontaise na Rúise, táirgeann JSC Serov Mechanical Plant táirgí speisialta faoi orduithe cosanta stáit na Rúise. Táirgeann an gléasra sin cásálacha diúracán 152 mm le haghaidh airtléire féinghluaiste Koalitsiya-SV a úsáideann an Rúis sa chogadh ar an Úcráin.<br>Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC Serov Mechanical, tá Robert Galimov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an rialtas sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1652. | Sergey Alekseevich PONOMAREV<br>(Сергей Алексеевич ПОНОМАРЁВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC 'Corporation "MIT"; Leifteanant-Ghinearál<br>Dáta breithe: 12.5.1954<br>Áit bhreithe: Vologda, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 772972229544 | Is Ard-Stiúrthóir é Sergey Ponomarev ar JSC 'Corporation "MIT". Is forbróir Rúiseach armálacha diúracáin é JSC 'Corporation "MIT". D'fhorbair JSC 'Corporation 'MIT' córais shoghluaiste talamhbhunaithe diúracán le diúracáin bhalaistíocha threoraithe tiomántáin sholadaigh de chineál 'Temp-S', 'Temp-2S', 'Pioneer', 'Topol', 'Topol-M', 'Yars' agus tuilleadh nach iad. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as coimpléisc shoghluaiste talamhbhunaithe a d'fhorbair an chorparáid, ina bhfuil diúracáin bhalaistíocha. Ina theannta sin, reáchtáil JSC "Corporation "MIT" feachtas bailithe cabhrach dar teideal "MIT Helps!" chun cabhrú le saighdiúirí agus mílístí na 'Donetsk and Lugansk People's Republics' mar a thugtar orthu agus nár aithníodh.<br>Agus é ina Ard-Stiúrthóir ar JSC 'Corporation 'MIT', tá Sergey Ponomarev ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1653. | Oleksandr Yurievich FEDORKO<br>(Александр Юрьевич ФЕДОРКО) | Feidhm: Coirnéal<br>Dáta breithe: 18.12.1968<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 234703581777 | Is é an Coirnéal Oleksandr Fedorko Ceann an 924th Unmanned Aerial Vehicle Center [an 924ú Lárionad Aerárthaí gan Foireann] (Aonad Míleata 20924), atá mar chuid d'Aireacht Cosanta na Rúise. Tá baill de na fórsaí armtha á n-oiliúint ag an Lárionad chun na complachtaí aerárthaí gan foireann atá á mbunú i nDúichí Míleata an Iarthair agus sna Dúichí Mhíleata Láir a chur i gcrích. An tráth céanna, tá an Lárionad i mbun tástálacha míleata ar choimpléisc a chríochnú le haerárthaí gan foireann (Zastava, Navodchik-2, Forpost agus Orlan-10), agus tráth a gcríochnaítear na tástálacha sin, aistrítear iad chuig pearsanra na gcomplachtaí aerárthaí gan foireann. Cuireann an 924ú Lárionad Aerárthaí gan Foireann oiliúint ar oibreoirí aerárthaí gan foireann d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise.<br>Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar an 924ú Lárionad Aerárthaí gan Foireann (Aonad Míleata 20924), tá an Coirnéal Oleksandr Fedorko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus ag cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus na mbeartas sin lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1654. | Pavel Anatolyevich MISHUNIN<br>(Павел Анатольевич МИШУНИН) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar an Federal State Enterprise Aleksin Chemical Plant, ball den United Russia Party agus teachta de chuid an Tula Regional Duma<br>Dáta breithe: 7.6.1975<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 711104611065 | Is Ard-Stiúrthóir é Pavel Mishunin ar an Federal State Enterprise Aleksin Chemical Plant, ar fiontar Rúiseach é a tháirgeann réimse ceimiceán tionsclaíoch a úsáidtear chun púdar gunna agus lánáin arm a mhonarú. Soláthraíonn FSE Aleksin Chemical Plant gléasraí faoi úinéireacht stáit a tháirgeann púdar gunna, cartúis agus armlón d'fhórsaí armtha na Rúise. Is táirgeoir mór agus soláthróir mór ábhar ceimiceach a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo d'earnáil cosanta na Rúise é FSE Aleksin Chemical Plant.<br>Dá bhrí sin, tá Pavel Mishunin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar FSE Aleksin Chemical Plant, ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1655. | Alexander Nikolaevich BELYAEV<br>(Александр Николаевич БЕЛЯЕВ) | Feidhm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, bunaitheoir LLC 'SMT-iLogic'<br>Dáta breithe: 29.10.1966<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 782577611269 | Is é Alexander Belyaev Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus bunaitheoir LLC 'SMT-iLogic'. Is soláthróir seirbhísí éagsúla é LLC 'SMT-iLogic' i réimse na forbartha leictreonaice. Soláthraíonn an chuideachta seirbhísí d'fhorbairt leictreonaice agus monaraíonn sí táirgí sraitheacha, chomh maith le feistí chun faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil. Faigheann LLC STC – monaróir ladrainn Orlan-10 atá cleamhnaithe le harm na Rúise, comhpháirteanna ón iasacht trí LLC 'SMT-iLogic'. Úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise ladrainn Orlan-10 sa chogadh foghach atá siad a fhearadh ar an Úcráin.<br>Agus é ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina bhunaitheoir de chuid LLC 'SMT-iLogic', tá Alexander Belyaev freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta agus, dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach agus de chobhsaíocht na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1656. | Aleksandr Borisovich LIVSHITS<br>(Александр Борисович ЛИВШИЦ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar an Federal State Enterprise Kazan State-Owned Gunpowder Plant<br>Dáta breithe: 21.5.1970<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Aleksandr Livshits ar an Federal State Enterprise Kazan State-Owned Gunpowder Plant (FKP KGKPZ), a tháirgeann réimse leathan púdair pyroxylin agus lanáin le haghaidh beagnach gach cineál arm. Monaraíonn FKP KGKPZ cartúis de chalabra 5.45–14.5 mm le haghaidh raidhfilí (raidhfilí ionsaithe Kalashnikov), lánáin teilgeoirí gránáidí, lánáin tiomántáin le haghaidh gunnaí móra cabhlaigh (AK-100, AK-130 agus AK-726) agus airtléire talún de chalabra 76 mm go 152 mm (moirtéir 2S9 agus 2S12, habhatsair D-20, D-30, ML-20, 2S1, 2S3 agus 2S19). Táirgeann an gléasra sin armlón tancanna de chalabra 115 mm, 122 mm agus, níos tábhachtaí fós, 125 mm, a úsáidtear i dtancanna T-64, T-72, T-80 agus T-90 Fhórsaí Armtha na Rúise. Soláthraíonn FKP KGKPZ armlón d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus do na córais arm dá gcuid a úsáidtear sa chogadh san Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Aleksandr Livshits, agus é ina Ard-Stiúrthóir ar FKP KGKPZ, ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1657. | Aleksey Gennadievich DUBONOSOV<br>(Алексей Геннадиевич ДУБОНОСОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir an Federal State Enterprise Tambov Gunpowder Plant<br>Dáta breithe: 31.12.1976<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 344401214508 | Is Ard-Stiúrthóir é Aleksey Dubonosov ar FSE Tambov Gunpowder Plant ina dtáirgtear púdair *pyroxylin*, a úsáidtear i gcineálacha éagsúla armlóin a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise. Táirgeann an gléasra púdair *pyroxylin* le haghaidh réimse leathan armlóin, mar shampla, cartúis agus gránáidí 7.62 mm le haghaidh raidhfilí Kalashnikov, urchair tanc 125 mm le haghaidh phríomhthancanna comhraic T-90 agus sliogáin airtléire le haghaidh 2S3 Akatsiya, 2S19 Msta-S, Msta-B agus aonaid airtléire agus habhatsair 2S5 Hyacinth. Tá FSE Tambov Gunpowder Plant faoi úinéireacht na hilchuideachta cosanta Rúisí Rostec State Corporation. Oibríonn an gléasra in earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach léi sa tionscal míleata agus bhí sé in ann a acmhainneacht táirgeachta a mhéadú le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Aleksey Dubonosov, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar FSE Tambov Gunpowder Plant, ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1658. | Sergey Anatolyevich LUKIN<br>(Сергей Анатольевич ЛУКИН) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir an JSC Tula Cartridge Plant<br>Dáta breithe: 17.9.1983<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 710606343114 | Is Ard-Stiúrthóir é Sergey Lukin ar JSC Tula Cartridge Plant, ar fiontar Rúiseach é a tháirgeann agus a dháileann cartúis do chineálacha éagsúla arm a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise. Is é an gléasra sin an príomhsholáthróir armlóin do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Rúise, lena n-áirítear an Garda Náisiúnta agus an Aireacht Gnóthaí Baile. Cuireann JSC Tula Cartridge Plant réimse leathan cartús de chalabraí éagsúla a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise ar fáil. Oibríonn an gléasra in earnáil thábhachtach straitéiseach den tionscal míleata agus tá a ghníomhaíochtaí ag cur feabhais ar chumais troda míleata na Rúise go díreach.<br>Dá bhrí sin, tá Sergey Lukin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC Tula Cartridge Plant, ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1659. | Eduard Borisovich EPISHIN<br>(Эдуард Борисович ЕПИШИН) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC 'Avangard'<br>Dáta breithe: 13.3.1971<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 591100011256 | Is é Eduard Epishin Ard-Stiúrthóir ar JSC 'Avangard'. Is monaróir Rúiseach é JSC 'Avangard'a dhéanann táirgí snáithínghloine mórmhéide, chomh maith le táirgí plaisteacha agus rubair, agus tá sé mar chuid de cheann de na gabháltais tógála roicéad is mó sa Rúis — JSC MPO Mashinostroyenia, atá mar chuid den JSC Tactical Missile Armament Corporation. Tá baint ag JSC 'Avangard' le feithiclí armúrtha agus diúracáin a tháirgeadh, feithiclí a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Agus é ina Ard-Stiúrthóir ar JSC 'Avangard', tá Eduard Epishin ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an rialtas sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1660. | Elena Sergeevna IVANOVA<br>(Елена Сергеевна ИВАНОВА) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir, JSC 'Central Research Institute of Materials'<br>a ainmníodh as D. I. Mendeleev<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 781706429812 | Is feidhmeannach sinsearach í Elena Ivanova ag cuideachta de chuid an choimpléasc tionsclaíoch míleata Rúiseach, JSC 'Central Research Institute of Materials a ainmníodh as D. I. Mendeleev', a dhéanann maoirseacht ar thaighde agus forbairt teicneolaíochtaí míleata agus ag a bhfuil roinnt saoráidí táirgthe a bhfuil ról tábhachtach acu in imscaradh teicneolaíochtaí den sórt sin, go háirithe in oibríochtaí comhraic ar chríoch na hÚcráine. D'oibrigh Elena Ivanova go pearsanta ar thionscadail, agus bhí sí i gceannas ar thionscadail, a chuir feabhas ar phíosaí éagsúla trealaimh mhíleata lena n-áirítear aerárthach troda SU-57, tanc T-14, armáil 2A46M phríomhthanc agus airtléire fhéinghluaiste 2S35.<br>Dá bhrí sin, tá Elena Ivanonva ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, ina ról, tá sí go tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sí tairbhe as. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1661. | Rinat Munzirovich NIGMATDINOV<br><br>(Ринат Мунзирович НИГМАТДИНОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Saratov Radio Instrument Plant<br><br>Dáta breithe: 11.4.1979<br><br>Inscne: fireann<br><br>Uimhir Aitheantais Chánach: 580203237828 | Is Ard-Stiúrthóir é Rinat Nigmatdinov ar JSC Saratov Radio Instrument Plant.<br><br>Tá JSC Saratov Radio Instrument Plant ar cheann de na fiontair is mó chun córais soilsithe dromchla nua-aimseartha agus córais aimsithe sprice a tháirgeadh do Chabhlach na Rúise. Tá an gléasra mar chuid de Granit-Electron Concern, a tháinig chun bheith mar chuid de Tactical Missile Armament Corporation in 2018.<br><br>Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta radar cósta soghluaiste MYS-M1E agus radar cósta seasta MR-10M1E atá deartha chun na comhordanáidí agus náisiúntacht long dromchla agus spriocanna ardluais beaga a bhrath agus a chinneadh.<br><br>Dá bhrí sin, tá Rinat Nigmatdinov, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC Saratov Radio Instrument Plant, ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1662. | Nikolai Anatolievich GUSEV<br>(Николай Анатольевич ГУСЕВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC "State Design Bureau "Vympel" a ainmníodh as I.I. Toropov"<br>Dáta breithe: 13.12.1956<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 772647099114 | Is Ard-Stiúrthóir é Nikolai Gusev ar JSC "State Design Bureau "Vympel" a ainmníodh as I.I. Toropov", atá ina phríomh-mhonaróir diúracáin Rúiseach. Forbraíonn "State Design Bureau "Vympel" a ainmníodh as I.I. Toropov" diúracáin threoraithe ó aer go haer agus ó aer go dromchla, diúracáin threoraithe le haghaidh córais frith-aerárthaí talún agus mara, lainseálaithe, agus catapailt le haghaidh diúracáin threoraithe aerbheirthe, crochadáin bíomaí chun armáil aerbhuamála a chrochadh agus aonaid le haghaidh diúracáin aerárthaí neamhthreoraithe.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC "State Design Bureau "Vympel" a ainmníodh as I.I. Toropov", tá Nikolai Gusev ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1663. | Vitaly Yurievich KUZMENKO<br>(Виталий Юрьевич КУЗЬМЕНКО) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC '163 Armor Repair Plant'<br>Dáta breithe: 22.1.1971<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 366510784303 | Is Ard-Stiúrthóir é Vitaly Kuzmenko ar JSC 163 Armor Repair Plant. Is í príomhghníomhaíocht JSC 163 Armor Repair Plant príomhthancanna catha T-72 agus BMP-2 — feithiclí troda coisithe amfaibiacha — a chothabháil. Tá an gléasra mar chuid de chuideachta sealbhaíochta High Precision Systems, Rostec. Úsáideann arm na Rúise samhlacha éagsúla d'fheithiclí troda coisithe BMP-2 agus príomhthancanna catha T-72 sa chogadh foghach ar an Úcráin. Bhain JSC 163 Armor Repair Plant curiarracht amach maidir le cothabháil BMP-2 in 2023.<br>Dá bhrí sin, tá Vitaly Kuzmenko, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir OJSC JSC 163 Armor Repair Plant, ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1664. | Artem Vladimirovich ZHOGA<br>ar a dtugtar freisin<br>Artyom Vladimirovich ZHOGA<br>(Артём Владимирович ЖОГА) | Feidhm: Cathaoirleach ar 'People's Council of the Donetsk People's Republic', mar a ghairtear de<br>Iarcheannasaí Sparta Battalion<br>Dáta breithe: 18.1.1975<br>Áit bhreithe: Shirokiy, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Tá Artem Zhoga mar Chathaoirleach ar 'People's Council of the Donetsk People's Republic' [Daon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Donetsk], mar a ghairtear de, ón 20 Meán Fómhair 2023. Ó mhí na Bealtaine 2022 go mí na Nollag 2023 bhí sé ina Cheannasaí ar Sparta Battalion, grúpa scarúnaíoch armtha a thacaigh go gníomhach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1665. | Valentina Vasilyevna LAVRIK<br>(Rúisis: Валентина Васильевна ЛАВРИК<br>Úcráinis: Валентина Василівна ЛАВРИК) | Feidhm: 'Aire Oideachais, Eolaíochta agus Óige Phoblacht na Crimé', mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 25.2.1969<br>Áit bhreithe: Khomenky, APSS (an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: baineann | Is í Valentina Lavrik 'Aire Oideachais, Eolaíochta agus Óige Phoblacht na Crimé', mar a ghairtear de, ó mhí na Nollag 2019 i leith. Sa ról sin, den chuid is mó déanann sí maoirseacht ar chur chun feidhme chóras mhíleatú an oideachais do leanaí Úcránacha sa Chrimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach, chomh maith le teanga agus cultúr na hÚcráine a chur faoi chois do na leanaí sin.<br>Le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ó 2022 i leith, tá sí freagrach as comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar aistriú leanaí ó réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporozhzhia, atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach, chuig campaí sa Chrimé. Níor ceadaíodh do chuid de na leanaí a chuaigh chuig na campaí sin le toiliú a dtuismitheoirí filleadh ar an Úcráin mar gheall ar a dtuairimí ar son na hÚcráine.<br>Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1666. | Vladimir Vitalyevich BOBKOV<br>(Rúisis: Владимир Витальевич БОБКОВ<br>Úcráinis: Володимир Віталійович БОБКОВ) | Feidhm: Leas-Uachtarán ar 'Chomhairle Stáit Phoblacht na Crimé', mar a ghairtear di<br>Dáta breithe: 1.3.1980<br>Áit bhreithe: Krasnoznamenka, APSS (an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: fireann | Tá Vladimir Bobkov ina Chomhalta de 'Praesaidiam Chomhairle Pholaitiúil Réigiúnach Phoblacht na Crimé', mar a ghairtear de, de Pháirtí na Rúise Aontaithe agus ina Leas-Uachtarán ar 'Comhairle Stáit Phoblacht na Crimé', mar a ghairtear de, ó mhí Mheán Fómhair 2019. Déanann sé maoirseacht agus tá sé ag tacú le beartais atá dírithe ar reachtaíocht Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme sa Chrimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach, lena n-áirítear maidir le beartas teanga. Thug sé tacaíocht freisin do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú do dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1667. | Alexey Gennadyevich DYUMIN<br>(Алексей Геннадьевич ДЮМИН) | Feidhm: Gobharnóir Réigiún Tula<br>Dáta breithe: 28.8.1972<br>Áit bhreithe: Kursk, APSS<br>(Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Tá Alexey Dyumin ina Ghobharnóir ar Réigiún Tula ó 2016. Ba é a bhí i gceannas ar Fhórsaí Oibríochtaí Speisialta míleata na Rúise roimhe sin, agus rinne sé maoirseacht ar ionghabháil na Crimé in 2014.<br>I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, rinne sé maoirseacht go pearsanta ar shlógadh saighdiúirí i Réigiún Tula, bhí baint aige le scoil oiliúna ladrainn a chur ar bun d'oibrithe atá ag tabhairt faoi mhisin san Úcráin, agus tá bearta tacaíochta curtha i bhfeidhm aige chun aerárthaí gan foireann a tháirgeadh sa tionscal cosanta i Tula Oblast.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú do dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1668. | Arkady Yurievich ROMANOV<br>(Аркадий Юрьевич РОМАНОВ)<br>(Аркадій Юрійович РОМАНОВ) | Feidhm: Leas-Cheannasaí Chabhlach na Mara Duibhe de Chabhlach na Rúise;<br>Leas-Aimiréal<br>Dáta breithe: 8.4.1969<br>Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, tá an Leas-Aimiréal Arkady Romanov ina Leas-Cheannasaí ar Chabhlach na Mara Duibhe de Chabhlach na Rúise, atá faoi cheannas Dhúiche Mhíleata an Deiscirt de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise, agus a bhfuil baint aige le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1669. | Andrey Anatolievich ALEKSEYENKO<br>(Rúisis: Андрей Анатольевич АЛЕКСЕЕНКО<br>Úcráinis: Андрій Анатолійович АЛЕКСЕЄНКО) | Feidhm: ‘Cathaoirleach ar Rialtas Míleata agus Sibhialtachta Kherson’, mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 23.4.1978<br>Áit bhreithe: Novopokrovskaya, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ón 25 Samhain 2022, tá Andrey Alekseyenko ina ‘Cathaoirleach ar Rialtas Míleata agus Sibhialtachta Kherson’, mar a ghairtear de. Tá an ról sin glactha aige gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus tá beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1670. | Alla Viktorovna BARKHATNOVA<br>(Rúisis: Алла Викторовна БАРХАТНОВА<br>Úcráinis: Алла Вікторівна БАРХАТНОВА) | Feidhm: 'Aire Saothair agus Beartais Shóisialta', mar a ghairtear di, i Réigiún Kherson.<br>Dáta breithe: 25.9.1973<br>Áit bhreithe: Kalinino, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is í Alla Barkhatnova 'Aire Saothair agus Beartais Shóisialta' Réigiún Kherson, mar a ghairtear di, ón 25 Deireadh Fómhair 2023. Tá sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhtháthú cheantair Kherson nach bhfuil faoi rialú na hÚcráine i dtreo Chónaidhm na Rúise, trí bhearta agus tionscnaimh na Rúise maidir le beartas sóisialta a chur chun feidhme iontu. Bhí baint aici freisin le díbirt neamhdhleathach agus athoideachas a chur ar leanaí Úcránacha, lena n-áirítear a ndíbirt chun na Rúise.<br>Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1671. | Artysh Mikhailovich SAT<br>(Rúisis: Артыш Михайлович САТ<br>Úcráinis: Артиш Михайлович САТ) | Feidhm: 'Aire Gníomhach Sláinte' Réigiún Kherson, mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 9.2.1983<br>Áit bhreithe: Poblacht Shóisialach Shóivéadach Fhéinrialaitheach Tuvan, APSS (Poblacht Tuva, Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Artysh Sat 'Aire Gníomhach Sláinte', mar a ghairtear de, i Réigiún Kherson ón 28 Márta 2023. Tá an ról sin glactha aige gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus tá beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1672. | Alexey Sergeevich GALCHENKOV<br>(Rúisis: Алексей Сергеевич ГАЛЧЕНКОВ<br>Úcráinis: Олексій Сергійович ГАЛЧЕНКОВ) | Feidhm: 'Aire Oideachais' Réigiún Kherson, mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 18.4.1987<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Alexey Galchenkov 'Aire Oideachais' Réigiún Kherson, mar a ghairtear de, ón 8 Samhain 2023. Tá an ról sin glactha aige, gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus tá beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1673. | Yevhen Oleksandrovich BRYKOV<br>ar a dtugtar freisin<br>Yevgeny Alexandrovich BRYKOV<br>(Rúisis: Евгений Александрович БРЫКОВ<br>Úcráinis: Євген Олександрович БРИКОВ) | Feidhm: 'Aire Beartais Faisnéise' Réigiún Kherson, mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 21.5.1988<br>Áit bhreithe: Kherson, APSS (an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: fireann | Is é Yevhen Brykov 'Aire Beartais Faisnéise' Réigiún Kherson, mar a ghairtear de, ón 22 Nollaig 2022. Tá an ról sin glactha aige gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus tá beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1674. | Semyon Alexeyevich MASHKAUTSAN<br>ar a dtugtar freisin<br>Salah MASHKAUTSAN<br>(Семен Алексеевич МАШКАУЦАН<br>ar a dtugtar freisin<br>Салах Алексеевич МАШКАУЦАН) | Feidhm: 'Leascheann Rialtais agus 'Aire Tionscail' Réigiún Kherson, mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 2.3.1990<br>Áit bhreithe: Chelyabinsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Semyon Mashkautsan 'Leascheann Rialtais' agus 'Aire Tionscail' Réigiún Kherson, mar a ghairtear de, ón 18 Lúnasa 2022. Tá an ról sin glactha aige, gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus tá beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1675. | Igor Vladimirovich ASTRANIN<br>(Rúisis: Игорь Владимирович АСТРАНИН<br>Úcráinis: Ігор Володимирович АСТРАНІН) | Feidhm: 'Aire bheartas na hóige' réigiún Kherson, mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 15.6.1991<br>Áit bhreithe: Astrakhan, APSS<br>(Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Igor Astranin 'Aire Bheartas na hÓige', mar a ghairtear de, i Réigiún Kherson ón 9 Lúnasa 2023. Tá an ról sin glactha aige gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus tá beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine críochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1676. | Grigory Alexandrovich GUROV<br>(Григорий Александрович ГУРОВ) | Feidhm: Cathaoirleach ar Bhord ghluaiseacht stát poiblí na Leanaí agus na hÓige Uile-Rúiseach 'Movement of the First'<br>Dáta breithe: 31.10.1985<br>Áit bhreithe: Stavropol, APSS<br>(Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is Cathaoirleach é Grigory Gurov ar Bhord Movement of the First', eagraíocht óige faoi stiúir an stáit sa Rúis, ón 16 Nollaig 2022. Cruthaíodh an eagraíocht ar thionscnamh ón Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin chun gníomhaíochtaí oideachais a sholáthar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí de chineál míleataithe, do leanaí idir 6 bliana agus 18 mbliana d'aois, bunaithe ar 'spriocanna traidisiúnta spioradálta agus morálta na Rúise'. Bíonn cruinnithe ag na leanaí, ar baill den ghluaiseacht iad, leis na saighdiúirí a throid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, seolann siad cártaí agus litreacha tacaíochta chucu agus ullmhaíonn siad trealamh lena n-úsáid ar an láthair chatha, agus foghlaimíonn siad conas ladrainn a láimhseáil. Ina theannta sin, d'eagraigh an Ghluaisteacht cluichí cogaíochta, a dhéanann cásanna a thiteann amach i gcathanna a athchruthú agus a ionsamhlú.<br>Tugtar faoi na gníomhaíochtaí sin i réigiúin uile na Rúise agus sa Chrimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach: Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia. Dá réir sin, trína cláir éagsúla cuireann an Ghluaiseacht oideachas ar leanaí na hÚcráine, lena n-áirítear leanaí a díbríodh go neamhdhleathach chun na Rúise.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1677. | Alexander Vladimirovich IVANOV<br>(Александр Владимирович ИВАНОВ) | Feidhm: Stiúrthóir JSC VMP Avitek (ar a dtugtar freisin Vyatka Machine-Building Enterprise Avitek)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Dáta breithe: 4.1.1959<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 773100938456 | Is Stiúrthóir é Alexander Ivanov ar JSC VMP Avitek (ar a dtugtar freisin Vyatka Machine-Building Enterprise Avitek). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC VMP Avitek a fhorbraíonn agus a tháirgeann diúracáin threoraithe ó dhromchla go haer frith-aerárthaía imscarann Fórsaí Armtha na Rúise. Ina theannta sin, forbraíonn agus táirgeann JSC VMP Avitek suíocháin eisteilgin le haghaidh scairdeitleáin trodaíochta atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC VMP Avitek ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d’arm na Rúise.<br>Go háirithe, tá Alexander Ivanov, ina cháil mar Stiúrthóir JSC VMP Avitek, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá Alexander Ivanov bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1678. | Vladimir Alexandrovich BOBROV<br>(Владимир Александрович БОБРОВ) | Feidhm: Stiúrthóir MG-Flot LLC<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 253902099914 | Is Stiúrthóir é Vladimir Bobrov ar MG-Flot LLC (ar a dtugtaí TransMorFlot LLC roimhe seo). Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é MG-Flot LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá MG-Flot LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag MG-Flot LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ina theannta sin, bhí soithí faoi úinéireacht MG-Flot LLC páirteach i lastais arm ón Iaráin chun cabhrú le hionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Vladimir Bobrov, ina cháil mar Stiúrthóir MG-Flot LLC, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1679. | Vladimir Egorovich ZAITSEV<br>ar a dtugtar freisin<br>Vladimir Yegorovich ZAYTSEV<br>(Владимир Егорович ЗАЙЦЕВ) | Feidhm: Stiúrthóir JSC VNIIRT (ar a dtugtar freisin All-Russian Research Institute ff Radio Engineering)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 504790126749 | Is Stiúrthóir é Vladimir Zaitsev ar JSC VNIIRT (ar a dtugtar freisin All-Russian Research Institute Of Radio Engineering). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC VNIIRT a fhorbraíonn córais radair arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear córais radair a úsáidtear le haghaidh chóras diúracán Pantsir-S1 na Rúise. Thairis sin, tá JSC VNIIRT ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Zaitsev, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC VNIIRT, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.. Ina theannta sin, tá Vladimir Zaitsev bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1680. | Vladimir Ivanovich SHASTIN<br>(Владимир Иванович ШАСТИН) | Feidhm: Stiúrthóir Azia Shipping Company LLC<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 253606386404 | Is Stiúrthóir é Vladimir Shastin ar Azia Shipping Company LLC. Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach í Azia Shipping Company LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá Azia Shipping Company LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag Azia Shipping Company LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Shastin, ina cháil mar Stiúrthóir arAzia Shipping Company LLC, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1681. | Sergei Sergeevich CHURIN<br>ar a dtugtar freisin<br>Sergey CHURIN<br>(Сергей Сергеевич ЧУРИН) | Feidhm: Stiúrthóir JSC UMZ<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Dáta breithe: 12.4.1967<br>Inscne: Fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 602706229177 | Is Stiúrthóir é Sergei Churin ar JSC UMZ (ar a dtugtar freisin Ulyansk Mechanical Plant). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC UMZ a fhorbraíonn córais diúracán, lena n-áirítear córas diúracán Buk-M2, arna imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC UMZ ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Sergei Churin, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC UMZ, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá Sergei Churin bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1682. | Sergei Valentinovich PETROV<br>ar a dtugtar freisin<br>Sergey Valentinovich PETROV<br>(Сергей Валентинович ПЕТРОВ) | Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin agus úinéir PSV Technologies LLC<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Dáta breithe: 26.4.1961<br>Áit bhreithe: An Rúis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 771876721575 | Is príomhoifigeach feidhmiúcháin é Sergei Petrov agus úinéir PSV Technologies LLC. Is eintiteas Rúiseach é PSV Technologies LLC a bhfuil baint aige le soláthar earraí ardteicneolaíochta thar ceann Rialtas Chónaidhm na Rúise. Feidhmíonn an t-eintiteas mar sholáthróir i ndeich gconradh ar a laghad le Rialtas na Rúise, lena n-áirítear conarthaí le príomh-mhonaróirí arm faoi úinéireacht stáit laistigh de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise. Go háirithe, éascaíonn PSV Technologies LLC earraí dé-úsáide agus míleata atá faoi réir smachtbhannaí a fháil ón Aontas Eorpach thar ceann mhonaróirí arm na Rúise atá faoi úinéireacht stáit.<br>Dá bhrí sin, tá Sergei Petrov, ina cháil mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus úinéir PSV Technologies LLC, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1683. | Mikhail Alekseevich IVANCHIKHIN<br>(Михаил Алексеевич ИВАНЧИХИН) | Feidhm: Stiúrthóir JSC MNII Agat (ar a dtugtar freisin Moscow Research Institute Agat)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 501304253418 | Is Stiúrthóir é Mikhail Ivanchikhin ar JSC MNII Agat (ar a dtugtar freisin Moscow Research Institute Agat). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC MNII Agat a fhorbraíonn agus a tháirgeann trasghlacadóirí radair le haghaidh diúracáin threoraithe arna n-imscaradh ag fórsaí armtha na Rúise, lena n-áirítear 'ceann frithinge gníomhach radair 9B-1103M-350' a úsáidtear i ndiúracáin aer go haer agus dromchla go haer na Rúise. Thairis sin, tá JSC MNII Agat ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Mikhail Ivanchikhin, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC VNIIRT, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá Mikhail Ivanchikhin bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1684. | Mikhail Valentinovich LUKYANOV<br>(Михаил Валентинович ЛУКЬЯНОВ) | Feidhm: Stiúrthóir Oboronlogistics LLC<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 773384195360 | Is Stiúrthóir é Mikhail Lukyanov ar Oboronlogistics LLC. Is cuideachta loingseoireachta é Oboronlogistics LLC a bunaíodh faoi Aireacht Cosanta na Rúise. Tá tacaíocht lóistíochta á soláthar ag an gcuideachta d’Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá Oboronlogistics LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag Oboronlogistics LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Mikhail Lukyanov, atá, ina cháil mar Stiúrthóir ar Oboronlogistics LLC, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1685. | Nadezhda Alexandrovna RESHETNEVA<br>(Надежда Александровна РЕШЕТНЕВА) | Feidhm: Stiúrthóir Sovfracht JSC<br>Dáta breithe: 18.9.1968<br>Áit bhreithe: Dnipropetrovsk, APSS<br>Inscne: baineann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 772200240825 | Is Stiúrthóir í Nadezhda Reshetneva ar Sovfracht JSC. Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é Sovfracht JSC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, feidhmíonn Sovfracht JSC mar phríomhnód i líonraí iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag Sovfracht JSC chuig iostaí arm ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, is í Nadezhda Reshetneva, atá, ina cáil mar Stiúrthóir ar Sovfracht JSC, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1686. | Nikolai Anatolievich PANKOV<br>(Николай Анатольевич ПАНЬКОВ) | Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin Marine Trans Shipping LLC<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 301803080162 | Is é Nikolai Pankov príomhoifigeach feidhmiúcháin Marine Trans Shipping LLC. Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é Marine Trans Shipping LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá Marine Trans Shipping LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag Marine Trans Shipping LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Nikolai Pankov, ina cháil mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin Marine Trans Shipping LLC, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1687. | Alexey Yurievich BRAGIN<br>(Алексей Юрьевич БРАГИН) | Feidhm: Stiúrthóir JSC RIRV (ar a dtugtar freisin Russian Institute of Radio Navigation and Time)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 780615807818 | Is Stiúrthóir é Alexey Bragin ar JSC RIRV (ar a dtugtar freisin Russian Institute of Radio Navigation and Time). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC RIRV a fhorbraíonn trealamh loingseoireachta do chóras GLONASS na Rúise arna imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise chun stailceanna ardchruinnis a dhéanamh ar bhonneagar sibhialtach agus míleata san Úcráin. Thairis sin, tá JSC RIRV ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Alexey Bragin, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC RIRV, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.. Ina theannta sin, tá Alexey Bragin bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1688. | Nikolay Borisovich MEDUNITSIN<br>ar a dtugtar freisin<br>Nikolai Borisovich MEDUNITSIN<br>(Николай Борисович МЕДУНИЦИН) | Feidhm: Stiúrthóir JSC NIIP (ar a dtugtar freisin Tikhomirov Scientific Research Institute of Instrument Design)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Dáta breithe: 31.10.1961<br>Áit bhreithe: Ukhta, Poblacht Komi, Cónaidhm na Rúise<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 501303228112 | Is Stiúrthóir é Nikolai Medunitsin ar JSC NIIP (ar a dtugtar freisinTikhomirov Scientific Research Institute of Instrument Design). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC NIIP. Táirgeann JSC NIIP córais diúracán frith-aerárthaí meánraoin d'fhórsaí talún na Rúise, lena n-áirítear córais diúracán Buk-M1-2, chomh maith le córais rialaithe arm agus córais radair eitlíochta le haghaidh aerárthaí trodaíochta, lena n-áirítear aerárthaí MiG-31, Su-27, Su-33, Su-30MKKK, Su-30MK2, Su-30MKI, Su-27SM, agus Su-35, arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC NIIP ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Nikolai Medunitsin, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC NIIP, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá Nikolai Medunitsin bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1689. | Gennady Valentinovich SVETLOV<br>(Геннадий Валентинович СВЕТЛОВ) | Feidhm: Stiúrthóir JSC RPTP Granit (ar a dtugtar freisin Ryazan Production and Technical Enterprise Granit)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Dáta breithe: 12.1.1958<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 503613509290 | Is Stiúrthóir é Gennady Svetlov ar JSC RPTP Granit (ar a dtugtar freisin Ryazan Production and Technical Enterprise Granit). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC RPTP Granit a dhéanann cothabháil agus tástáil ar chórais arm, lena n-áirítear córais diúracán S-400 Triumf agus S-300, arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC RPTP Granit ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d’arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Gennady Svetlov, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC RPTP Granit, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá Gennady Valentinovich Svetlov bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1690. | Igor Yurievich MAKUSHEV<br>(Игорь Юрьевич МАКУШЕВ) | Feidhm: Stiúrthóir JSC MAK Vympel; Leifteanant-Ghinearál Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise; Leas-Cheann Foirne Ginearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise; Cathaoirleach ar Choiste Míleata-Eolaíochta na Príomh-Stiúrthóireachta Míochaine Míleata in Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Dáta breithe: 6.8.1964<br>Áit bhreithe: Petropavlovsk-Kamchatsky, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 690706813266 | Is oifigeach ardchéime é Igor Makushev in arm na Rúise agus is é Stiúrthóir ar MAK Vympel é. Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC MAK Vympel (ar a dtugtar freisin Cuideachta Comhstoic Chorparáid Idirstáit Vympel) a fhorbraíonn córais diúracán frith-bhalaistíoch agus córais rialaithe spáis atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC MAK Vympel ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d’arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Igor Makushev, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC MAK Vympel agus ina cháil mar oifigeach ardchéime i bhFórsaí Armtha na Rúise araon, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.. Ina theannta sin, tá Igor Makushev bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1691. | Svetlana Vladimirovna SAVELYEVA<br>(Светлана Владимировна САВЕЛЬЕВА) | Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin M Leasing LLC<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 771552332201 | Is í Svetlana Savelyeva príomhoifigeach feidhmiúcháin M Leasing LLC. Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é M Leasing LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá M Leasing LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag M Leasing LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Svetlana Savelyeva, ina cáil mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin M Leasing LLC, ag tacú go hábharach, agus ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1692. | Vasily Nikolaevich SHUPRANOV<br>ar a dtugtar freisin<br>Vasiliy Nikolayevich SHUPRANOV<br>(Василий Николаевич ШУПРАНОВ) | Feidhm: Stiúrthóir JSC NMZ (ar a dtugtar freisin Nizhny Novgorod Machine-Building Plant)<br>Dáta breithe: 30.3.1957<br>Áit bhreithe: Sráidbhaile Mezhenin, ceantar Klimovichi, réigiún Mogilev Oblast, Poblacht na Bealarúise<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 525608742548 | Is Stiúrthóir é Vasily Shupranov ar JSC NMZ (ar a dtugtar freisin Nizhny Novgorod Machine-Building Plant). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC NMZ a fhorbraíonn córais airtléire agus córais diúracán, lena n-áirítear córas diúracán frith-aerárthaí S-300, arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC NMZ ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Vasily Shupranov, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC NMZ, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.. Ina theannta sin, tá Vasily Shupranov bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1693. | Alexander Georgievich LEONOV<br>(Александр Георгиевич ЛЕОНОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Mashinostroyeniya<br>Dáta breithe: 26.2.1952<br>Áit bhreithe: Morshansk, Russia APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais chánach: 504101219706 | Is Ard-Stiúrthóir é Alexander Leonov ar JSC Mashinostroyeniya, a tháirgeann diúracáin P-800 Oniks (Onyx), a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Ina ról, tá Alexander Leonov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC Mashinostroyeniya. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1694. | Alexander Evgenievich REZNIK<br>(Александр Евгеньевич РЕЗНИК) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Petrovsky Electromechanical Plant 'Molot'<br>Dáta breithe: 1976<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais chánach: 645303859610 | Is Ard-Stiúrthóir é Alexander Reznik ar JSC Petrovsky Electromechanical Plant 'Molot', ar cuideachta tionscail mhíleata é a tháirgeann comhpháirteanna agus ionstraimí éagsúla le haghaidh airm a úsáidtear sa cogadh foghach ar an Úcráine. Is fochuideachta de JSC Concern Granit-Electron é JSC Petrovsky Electromechanical Plant 'Molot', atá mar chuid de JSC Tactical Missiles Corporation.<br>Ina ról, tá Alexander Reznik ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC Petrovsky Electromechanical Plant 'Molot', JSC Concern Granit-Electron agus JSC Tactical Missiles Corporation. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1695. | Alexander Yurievich ZVEREV<br>(Александр Юрьевич ЗВЕРЕВ) | Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin JSC Zavod Dagdizel<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 121519603488 | Is é Alexander Zverev príomhoifigeach feidhmiúcháin JSC Zavod Dagdizel, ar cuideachta tionscail mhíleata é a bhfuil baint aici le hairm faoi uisce a fhorbairt agus a tháirgeadh do Chabhlach na Rúise a úsáidtear sa chogadh foghach ar an Úcráin. Is fochuideachta de MPO-Gidropribor é JSC Zavod Dagdizel, atá mar chuid de JSC Tactical Missiles Corporation.<br>Ina ról, tá Alexander Zverev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC Zavod Dagdizel, MPO-Gidropribor agus JSC Tactical Missiles Corporation. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1696. | Andrei Nikolaevich IVASHKIN<br>(Андрей Николаевич ИВАШКИН) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Central Design Bureau of Automatics<br>Dáta breithe: 17.8.1966<br>Áit bhreithe: Feirm stáit 'Severo-Lubinsky', ceantar Lyubinsky, réigiún Omsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais chánach: 550102218033 | Is Ard-Stiúrthóir é Andrei Ivashkin ar JSC Central Design Bureau of Automatics (TsKBA), a dhearann agus a tháirgeann comhpháirteanna do dhiúracáin Kh-31P, a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Ina ról, tá Andrey Ivashkin ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine críochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC Central Design Bureau of Automatics. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1697.. | Igor Borisovich PONOMAREV<br>(Игорь Борисович ПОНОМАРЕВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Concern Granit-Electron<br>Dáta breithe: 30.10.1964<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 772631515680 | Is Ard-Stiúrthóir é Igor Ponomarev ar JSC Concern Granit-Electron, a tháirgeann córais uathoibríocha rialaithe le haghaidh dhiúracáin P-800 Oniks (Yakhont), a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Igor Ponomarev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC Concern Granit-Electron. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1698. | Vladimir Georgievich PETRUSHENKO<br>(Владимир Георгиевич ПЕТРУШЕНКО) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Design Bureau of Mechanical Engineering<br>Dáta breithe: 4.4.1950<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais chánach: 290201375179 | Is Ard-Stiúrthóir é Vladimir Petrushenko ar JSC Design Bureau of Mechanical Engineering, ar cuideachta tionscail mhíleata é a bhfuil baint aige le hairm a fhorbairt d'Fhórsaí Armtha na Rúise. Is é JSC Design Bureau of Mechanical Engineering an príomhfhorbróir don chóras diúracán Bal, a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Ina ról, tá Vladimir Petrushenko ag tacú le gníomhaíochtaí, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC Design Bureau of Mechanical Engineering agus le JSC Tactical Missil. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1699. | Igor Yurievich AFANASYEV<br>(Игорь Юрьевич АФАНАСЬЕВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC NPO Elektromashina<br>Dáta breithe: 7.9.1968<br>Áit bhreithe: Moscó APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Igor Afanasyev ar JSC NPO Elektromashina.<br>Soláthraíonn NPO Elektromashina trealamh leictreach do chineálacha éagsúla arm Rúiseach a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, amhail KamAZ Typhoon, T-72, T-90, BMP-3 agus tionscadal 'Gibka'. Ós rud é gur Ard-Stiúrthóir ar JSC NPO Elektromashina é Igor Yurievich Afanasyev comhlíonann sé orduithe ó Aireacht Cosanta na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Igor Afanasyev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine críochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Dá bhrí sin, sa cháil sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1700. | Yuri Konstantinovich ISAEV<br>(Юрий Константинович ИСАЕВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC 'Arzamas Scientific Production Enterprise 'TEMP-AVIA'<br>Dáta breithe: 1975<br>Áit bhreithe: Arzams<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Yuri Isaev i gcuideachta tionscail mhíleata Rúiseach Temp-Avia. Tá an chuideachta speisialaithe i gcórais loingseoireachta agus córais uathrialúcháin, córais rialaithe táimhe, aonaid tomhais thámhúla, cobhsaitheoirí gíreascóip, braiteoirí faisnéise príomhúla, táscairí sainstiúrach, agus córais chomhtháite ionstraimí cúltaca um loingseoireacht eitilte a tháirgeadh. Is cuideachtaí tionscail mhíleata eile de chuid na Rúise iad na páirtithe conarthacha agus Rialtas na Rúise é féin. Go háirithe, táirgeann Temp-Avia táscaire dearcadh bunúsach AGB-96, táscaire a úsáidtear ar héileacaptair Mi-8 de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise arna n-imscaradh sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, ina ról, tá Yuri Isaev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1701. | Eduard Georgievich BAZHENOV<br>(Эдуард Георгиевич БАЖЕНОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Special Design Bureau Turbina<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais chánach: 450113145320 | Is Ard-Stiúrthóir Eduard Bazhenov éar chuideachta tionscail mhíleata Rúiseach JSC SDB Turbina. Táirgeann an chuideachta réitigh chumhachta a úsáideann cuideachtaí tionscail mhíleata eile na Rúise ina dhiaidh sin chun orduithe cosanta stáit a chomhlíonadh. Táirgeann JSC SDB Turbina gástuirbíní do habhatsair MSTA-S, a mbaineann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise úsáid astu le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, sa cháil sin, tá Eduard Bazhenov ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1702. | Dmitry Alexandrovich SKOROPUPOV<br>(Дмитрий Александрович СКОРОПУПОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Uralcryomash; Ionadaí Duma Chathair Nizhny Tagil<br>Dáta breithe: 24.12.1972<br>Áit bhreithe: Nizhny Tagil Sverdlovsk Oblast, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Dmitry Skoropupov ar JSC Uralcryomash. Soláthraíonn Uralcryomash earraí d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise faoi ordú cosanta stáit na Rúise. Soláthraíonn an chuideachta réitigh iompair naftailéine agus ocsaigine do Roscosmos' Vostochny Cosmodrome. In Vostochny, seoltar satailítí Cosmodrome chun gur féidir le hArm na Rúise spriocanna a shainaithint i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Thairis sin, mar Ionadaí fadtéarmach Duma Chathair Nizhny Tagil, tá sé ag tacú le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin trí chúnamh daonnúil a sholáthar do Dhaon-Phoblachtaí Donetsk agus Lugansk mar a ghairtear díobh.<br>Dá bhrí sin, ina ról, tá Dmitry Skoropupov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1703. | Andrey Leonidovich TERLIKOV<br><br>(Андрей Леонидович ТЕРЛИКОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC 'UKBTM'<br><br>Dáta breithe: 22.2.1962<br><br>Náisiúntacht: Rúisis<br><br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Andrey Terlikov ar JSC 'UKBTM'. Déanann an chuideachta tancanna T-72 agus T-90 a fhorbairt agus a nuachóiriú d'arm na Rúise, a úsáideann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br><br>Dá bhrí sin, ina ról, tá Andrey Terlikov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1704. | Boris Yakovlevich VOLOGDIN<br>(Борис Яковлевич ВОЛОГДИН) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Tomsk Electrotechnical Plant<br>Dáta breithe: 22.7.1955<br>Áit bhreithe: Aliya village, Chita réigiún APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Boris Vologdin ar JSC Tomsk Electrotechnical Plant. Is soláthróir d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise í an chuideachta. Déanann JSC Tomsk Electrotechnical Plant T-90 a nuachóiriú leis an gcomhar agus faoi bhainistíocht a mháthairchuideachta Uralvagonzavod.<br>Dá bhrí sin, ina ról, tá Boris Vologdin ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1705. | Igor Akhmedovich BEKBULATOV<br>(Игорь Ахмедович БЕКБУЛАТОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar Corporation 'Proekt-technika'<br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Igor Bekbulatov ar Corporation 'Proekt-technika', cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach. Táirgeann an chuideachta feithiclí sainchuspóireacha, amhail MTP-A2.7 agus MTP-A2.1, a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Igor Bekbulatov ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1706. | Valentina Frantsevna KAMYNINA<br>(Úcráinis: Валентина Францівна КАМИНІНА;<br>Rúisis: Валентина Францевна КАМЫНИНА) | Feidhm: Breitheamh de Chúirt Dúiche Chív Simferopol<br>Dáta breithe: 16.4.1980<br>Náisiúntacht: Rúiseach, Úcráineach<br>Inscne: baineann<br>Uimhir aitheantais chánach: 2932611866 | Is breitheamh é Valentina Kamynina de Chúirt Dúiche Chív i gcathair Simferopol, an Chrimé. Cheap Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin í. Déanann sí saoránaigh na hÚcráine a ionchúiseamh go córasach ar chúiseanna polaitiúla, agus í ag baint mí-úsáid as reachtaíocht fhrith-antoisceach agus fhrithsceimhlitheoireachta. Tá sí tar éis gabháil Thataraigh na Crimé a dheimhniú agus síneadh a chur leis an ngabháil sin arís agus arís eile maidir le cúisimh gur bhain siad le heagraíochtaí a bhfuil toirmeasc orthu i gCónaidhm na Rúise.<br>Chuir Kamynina síneadh le gabháil Tatarach na Crimé, iriseoir agus comhordaitheoir na meán ar an gcomhlachas um chearta an duine, 'Crimean Solidarity', Nariman Memedeminov, chomh maith le pinsinéir míleata agus iarchaptaen long na hÚcráine 'Slavutich' Alexey Kiselyov. Tugadh aitheantas arís agus arís eile dóibh siúd a gabhadh agus ar ghearr Kamynina pianbhreith orthu mar phríosúnaigh pholaitiúla.<br>Dá bhrí sin, tá Valentina Kamynina ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1707. | Andrey Vladimirovich KOZLOV<br>(Андрей Владимирович КОЗЛОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar Joint Stock Company NPO Elektromechaniki<br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Andrey Kozlov ar Joint Stock Company NPO Elektromechaniki, cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach a tháirgeann codanna do dhiúracáin Iskander a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, ina ról, tá Andrey Kozlov ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1708. | Olga Pavlovna KUZNETSOVA<br>(Úcráinis: Ольга Павлівна КУЗНЄЦОВА;<br>Rúisis: Ольга Павловна КУЗНЕЦОВА) | Feidhm: Breitheamh de Chúirt Dúiche Chív Simferopol<br>Dáta breithe: 12.11.1949<br>Náisiúntacht: Rúisis<br>Inscne: baineann | Is breitheamh í Olga Kuznetsova de Chúirt Dúiche Chív i gcathair Simferopol, an Chrimé. Cheap Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin í. Déanann sí saoránaigh na hÚcráine a ionchúiseamh go córasach ar chúiseanna polaitiúla, agus í ag baint mí-úsáid as reachtaíocht fhrith-antoisceach agus fhrithsceimhlitheoireachta. Ghabh sí Tataraigh na Crimé arís agus arís eile agus chuir sí síneadh leis an ngabháil sin maidir le cúisimh gur bhain siad le heagraíochtaí a bhfuil toirmeasc orthu sa Rúis. Ghearr Kuznetsova pianbhreith ar Thataraigh na Crimé, Ruslan Abdurakhmanov agus Rustem Gugurik, in ainneoin easpa fianaise á nascadh le grúpa paraimíleata. Chuir sí síneadh le gabháil altra agus gníomhaí sibhialta na Crimé, Irina Danilovich, agus d'éiligh na Náisiúin Aontaithe go scaoilfí saor í. Aithníodh arís agus arís eile mar phríosúnaigh pholaitiúla iad siúd a gabhadh agus ar ghearr Kuznetsova pianbhreith orthu.<br>Dá bhrí sin, tá Olga Kuznetsova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1709. | Alexander Nikolaevich USTINOV<br>(Александр Николаевич УСТИНОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Machine-Building Plant Arsenal<br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Alexander Ustinov ar chuideachta tionscail mhíleata Rúiseach JSC Machine-Building Plant Arsenal. Tá an chuideachta faoi réir orduithe cosanta stáit na Rúise agus tá sé ag gabháil do tháirgeadh satailítí taiscéalaíochta Lotos agus gunna cabhlaigh AK-176M. Úsáideann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise Lotos le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin chun spriocanna a shainaithint agus tá gunna cabhlaigh AK-176M suiteáilte i longa Chabhlach na Rúise a ionsaíonn trúpaí na hÚcráine le sliogáin.<br>Dá bhrí sin, tá Alexander Ustinov ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1710. | Sergey Victorovich PITIKOV<br>(Сергей Викторович ПИТИКОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC RPC 'KBM'<br>Dáta breithe: 23.2.1963<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais chánach: 502208215010 | Is é Sergey Pitikov Ard-Stiúrthóir ar JSC RPC 'KBM'. Soláthraíonn an chuideachta Fórsaí Armtha na Rúise faoi orduithe cosanta stáit na Rúise. Táirgeann JSC RPC 'KBM' córais diúracán Khrizantema (Chrysanthemum), Tochka-U, Iskander, agus Kinzhal agus soláthraíonn sé d'Fhórsaí Armtha na Rúise iad. Tá na hairm sin á n-úsáid faoi láthair ag Fórsaí Armtha na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, ina ról, tá Sergey Pitikov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1711 | Nail Shavketovich LATYPOV<br>(Наиль Шавкетович ЛАТЫПОВ) | Feidhm: Stiúrthóir JSC Kazan Experimental Design Bureau Soyuz<br>Dáta breithe: 10.1.1953<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>An áit a meastar ina bhfuil sé: Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 165701053096 | Is é Nail Latypov Stiúrthóir ar JSC Kazan Experimental Design Bureau Soyuz. Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC Kazan Experimental Design Bureau Soyuz a fhorbraíonn roicéadinnill tiomántáin sholadaigh le haghaidh córais diúracán arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC Kazan Experimental Design Bureau Soyuz ina chuid de Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC Kazan Experimental Design Bureau Soyuz, tá Nail Latypov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ina theannta sin, tá Nail Latypov bainteach le Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1712 | Nikolay Alekseyevich OVCHINNIKOV<br>(Николай Алексеевич ОВЧИННИКОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir Zavod no°9<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir chánach Rúiseach: 666307544542 | Is Ard-Stiúrthóir Nikolay Ovchinnikov é ar chuideachta tionscail mhíleata Rúiseach Zavod no 9. Monaraíonn an chuideachta gunnaí tarraingthe, lena n-áirítear habhatsar D-30A, agus gunnaí tanc do thancanna T-62, T-72, agus T-90. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as habhatsair D-30 agus as tancanna T-62, T-72, T-90 i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ina theannta sin, is soláthróir í an chuideachta d'Fhórsaí Armtha na Rúise é.<br>Dá bhrí sin, ina ról, tá Nikolay Ovchinnikov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1713. | Alexander Matveevich MARKMAN<br>(Александр Матвеевич МАРКМАН) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC PA Strela; Comhalta de Chomhairle Láir SoyuzMash Russia LLC<br>Dáta breithe: 16.7.1948<br>Áit bhreithe: Orenburg, an Rúis<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais chánach : 561103307661 | Is Ard-Stiúrthóir é Alexander Markman ar JSC Production Association Strela. Soláthraíonn an chuideachta airm d'Fhórsaí Armtha na Rúise faoi orduithe cosanta stáit na Rúise. Táirgeann JSC Strela roicéid Oniks (Onyx) agus crochadáin bíomaí do Su-30. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as Oniks agus Su-30 araon i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá Alexander Markman gníomhach i gComhairle Lárnach SoiuzMash LLC, a thacaíonn go hoscailte le polaitíocht Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus a iarratas ar uachtaránacht.<br>Dá bhrí sin, tá Alexander Markman ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1714. | Alexei Yuryevich KRIVORUCHKO<br>(Алексей Юрьевич КРИВОРУЧКО) | Feidhm: Pearsa Mhíleata, leas-aire<br>Dáta breithe: 17.7.1975<br>Áit bhreithe: Stavropol, an Rúis<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Kolymazhnyy Pereulok, Moscó, Cónaidhm na Rúise | Is pearsa mhíleata agus bainisteoir é Alexei Krivoruchko. Is é Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise é atá freagrach as lóistíocht, tacaíocht theicniúil agus ceannach arm d'Fhórsaí Armtha na Rúise. Dá réir sin, tá sé freagrach as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ina theannta sin, is comhalta é de bhord Tactical Missiles Corporation, soláthróir arm d’Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise faoi ordú cosanta stáit. Is comhalta é freisin de Bhord Maoirseachta Promsvyazbank PJSC, banc faoi úinéireacht stáit a fheidhmíonn sa Chrimé.<br>Dá bhrí sin, tá Alexei Krivoruchko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1715. | Andrey Petrovich KAZAZAEV<br>(Андрей Петрович КАЗАЗАЕВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir OJSC 'Plant a ainmníodh as V.A. Degtyarev'<br>Dáta breithe: 19.11.1964<br>Áit bhreithe: Uglich, Cónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais chánach: 330515309950 | Is Ard-Stiúrthóir é Andrey Kazazaev ar OJSC Plant a ainmníodh as V.A. Degtyarev. Tá sé freagrach as orduithe cosanta stáit na Rúise a chomhlíonadh maidir le Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir na cuideachta, tá sé ag tacú go poiblí le fogha leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, ina ról, tá Andrey Kazazaev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1716. | Galina Alexandrovna KHULAPOVA (KASHIRSKAYA)<br>(Rúisis: Галина Александровна ХУЛАПОВА (КАШИРСКАЯ);<br>Úcráinis: Галина Олександрівна ХУЛАПОВА (КАШИРСЬКА)) | Feidhm: Breitheamh de Chúirt Dúiche Chív Simferopol<br>Dáta breithe: 11.3.1980<br>Náisiúntacht: Rúiseach, Úcránach<br>Inscne: baineann<br>Uimhir aitheantais chánach an Úcráin:<br>2929001847 | Is breitheamh í Galina Khulapova de Chúirt Dúiche Chív i gcathair Simferopol, an Chrimé. Cheap Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin í. Déanann sí géarleanúint chórasach ar shaoránaigh na hÚcráine ar chúiseanna polaitiúla, agus í ag baint mí-úsáid as reachtaíocht fhrith-antoisceach agus fhrithsceimhlitheoireachta. Ghabh sí Tataraigh na Crimé arís is arís eile maidir le cúisimh gur bhain siad le heagraíochtaí a bhfuil toirmeasc orthu sa Rúis nach bhfuil toirmeasc orthu san Úcráin. Ghearr Khulapova fíneáil ar an iriseoir Rolan Osmanov as a chuid gníomhaíochtaí gairmiúla, agus ar rannpháirtithe i gcruinnithe gan choinne de chuid Thataraigh na Crimé agus agóid á déanamh acu i gcoinne an chos ar bolg atá á déanamh ag seirbhísí slándála na Rúise. Tugadh aitheantas arís agus arís eile dóibh siúd a gabhadh agus ar ghearr sí pianbhreith orthu mar phríosúnaigh pholaitiúla.<br>Dá bhrí sin, tá Galina Khulapova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1717. | Anton Sergeyevich TSYKURENKO<br>(Rúisis: Антон Сергеевич ЦИКУРЕНКО<br>Úcráinis: Антон Сергійович ЦИКУРЕНКО) | Feidhm: Breitheamh de Chúirt Dúiche Chív Simferopol<br>Dáta breithe: 12.11.1972<br>Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais chánach (an Úcráin): 2661419830 | Is breitheamh é Anton Tsykurenko de Chúirt Dúiche Chív i gcathair Simferopol, an Chrimé. Cheap Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin é. Déanann Anton Tsykurenko cinntí cúirte a mbaineann cuspóirí polaitiúla leo maidir le cúisimh i gcoinne shaoránaigh na hÚcráine, mar shampla Oleg Prikhodko, a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol agus bheartais dhiansmachtúla na n-údarás forghabhála i leith Thataraigh na Crimé. Ghabh sé an dlíodóir Emil Kurbedinov, a chosain Tataraigh na Crimé agus gníomhaithe Úcránacha a ndearna údaráis na Rúise géarleanúint orthu ar chúiseanna polaitiúla.<br>Ina theannta sin, ghabh Anton Tsykurenko Tatarach na Crimé, Mumine Salieva, bean chéile an phríosúnaigh pholaitiúil Seyran Saliev, as poist ar líonraí sóisialta, agus ghabh sé mná eile ar Tataraigh na Crimé iad as comhthionóil shíochánta le linn do chomhthírigh leo a bheith á gcoinneáil.<br>Rinne Anton Tsykurenko géarleanúint chórasach ar shaoránaigh na hÚcráine ar chúiseanna polaitiúla, agus bhain sé mí-úsáid as reachtaíocht fhrith-antoisceach agus fhrithsceimhlitheoireachta. Tugadh aitheantas arís agus arís eile dóibh siúd a gabhadh agus ar ghearr sé pianbhreith orthu mar phríosúnaigh pholaitiúla.<br>Dá bhrí sin, tá Anton Tsykurenko ag tacú, le gníomhaíochtaí agus beartais agus á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1718. | Boris Ivanovich EFREMOV<br><br>Борис Иванович ЕФРЕМОВ | Feidhm: Stiúrthóir JSC MMZ (Mariyskiy Machine-Building Plant)<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann<br><br>An áit a meastar ina bhfuil sé: Cónaidhm na Rúise<br><br>Uimhir Aitheantais Chánach: 121509344587 | Is Stiúrthóir é Boris Efremov ar JSC MMZ (ar a dtugtar freisin Mariyskiy Machine-Building Plant). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC MMZ a fhorbraíonn córais rialúcháin cosanta aeir, lena n-áirítear an córas diúracán frith-aerárthaí S-300V, arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC MMZ ina chuid de Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br><br>Dá bhrí sin, ina cháil mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin JSC MMZ, tá Boris Efremov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ina theannta sin, tá Boris Efremov bainteach le Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1719. | Igor Anatolievich MIROSHNICHENKO<br>(Игорь Анатолиевич МИРОШНИЧЕНКО) | Feidhm: Stiúrthóir JSC Saturn<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Dáta breithe: 10.11.1973<br>Áit bhreithe: Omsk, réigiún Omsk, Cónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>An áit a meastar ina bhfuil sé: Cónaidhm na Rúise<br>Pasuimhir: 755761186<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 550301678726 | Is Stiúrthóir é Igor Miroshnichenko ar JSC Saturn. Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC Saturn a fhorbraíonn trealamh raidió-leictreonach le haghaidh córais diúracán frith-aerárthaí arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC Saturn ina chuid de Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC Saturn, tá Igor Miroshnichenko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ina theannta sin, tá Igor Miroshnichenko bainteach le Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1720 | Nikolai Vladimirovich KLEIN<br><br>ar a dtugtar freisin<br><br>Nikolai Vladimirovich KLEYN<br><br>(Николай Владимирович КЛЕЙН) | Feidhm nó Gairm: Stiúrthóir JSC Kalinin Machine-Building Plant<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Dáta breithe: 15.1.1955<br><br>Áit bhreithe: Sráidbhaile Prigorodnoye, ceantar Shortandinsky, réigiún Tselinograd, Poblacht Shóivéadach Shóisialach na Casacstáine (an Chasacstáin anois)<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann<br><br>An áit a meastar ina bhfuil sé: Cónaidhm na Rúise<br><br>Uimhir Aitheantais Chánach: 666202526313 | Is Stiúrthóir é Nikolai Klein ar JSC MZIK (ar a dtugtar freisin Kalinin Machine-Building Plant). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC MZIK a fhorbraíonn trealamh comhraic le haghaidh chóras diúracán frith-aerárthaí S-300V agus chóras diúracán frith-aerárthaí BUK-M1 arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC MZIK ina chuid de Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br><br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC MZIK, tá Nikolai Klein ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ina theannta sin, tá Nikolai Klein bainteach le Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1721 | Sergey Ivanovich ASTAFUROV<br>(Сергей Иванович АСТАФУРОВ) | Feidhm: Stiúrthóir JSC STC Promtekhaero (ar a dtugtar freisin Scientific and Technical Center for Industrial Technologies and Air Navigation Systems)<br>Dáta breithe: 25.1.1953<br>Áit bhreithe: Mionsc, an Bhealarúis<br>Náisiúntacht: Bealarúiseach<br>Inscne: fireann<br>An áit a meastar ina bhfuil sé: Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 770970715859 | Is Stiúrthóir é Sergey Astafurov ar JSC STC Promtekhaero (ar a dtugtar freisin Scientific and Technical Center for Industrial Technologies and Air Navigation Systems). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC STC Promtekhaero a fhorbraíonn trealamh loingseoireachta agus tarchurtha raidió arna imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC STC Promtekhaero ina chuid de Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC STC Promtekhaero, tá Sergey Ivanovich Astafurov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ina theannta sin, tá Sergey Astafurov bainteach le Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1722 | Vladimir Mikhailovich MEDVEDEV<br>(Владимир Михайлович МЕДВЕДЕВ) | Feidhm: Stiúrthóir JSC GosNIIP (ar a dtugtar freisin Tikhomirov Scientific Research Institute of Instrument Design)<br>Dáta breithe: 30.3.1956<br>Áit bhreithe: Sraidbhaile Yalta, réigiún Donetsk, Poblacht Shóivéadach Shóisialach na hÚcráine (an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Ucráineach agus/nó Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>An áit a meastar ina bhfuil sé: Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 773501928102 | Is Stiúrthóir é Vladimir Medvedev ar JSC GosNIIP (ar a dtugtar freisin State Scientific Research Institute Of Instrument Making). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC GosNIIP a fhorbraíonn, *inter alia*, córais rialaithe le haghaidh diúracáin frith-fhomhuireáin agus diúracáin cúrsála arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC GosNIIP ina fhochuideachta de Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais armra frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Stiúrthóir JSC GosNIIP, tá Vladimir Medvedev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as.<br>Ina theannta sin, tá Vladimir Medvedev bainteach le Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1723 | Grigoriy Igorevich GRIGORIEV<br>(Григорий Игоревич ГРИГОРЬЕВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus príomhoifigeach feidhmiúcháin LLC 'NOVELCO';<br>Dáta breithe: 19.6.1977<br>Áit bhreithe: Istra, Cónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 721493424 | Is Ard-Stiúrthóir é Grigoriy Grigoriev agus príomhoifigeach feidhmiúcháin na cuideachta lóistíochta LLC NOVELCO a bhfuil baint aici le hearraí a thagann faoi bhearta sriantacha an Aontais a 'allmhairiú go comhthreomhar' chuig an Rúis.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir agus príomhoifigeach feidhmiúcháin ar LLC NOVELCO, tá sé ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1724 | Ruslan Rustemovich BULATOV<br>(Руслан Рустемович БУЛАТОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar LLC Testkomplekt<br>Dáta breithe: 4.4.1986<br>Áit bhreithe: Cónaidhm na Rúise, Tatarstan<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 165506143613 | Is é Ard-Stiúrthóir Ruslan Bulatov ar LLC Testkomplekt. Soláthraíonn LLC Testkomplekt earraí a thagann faoi bhearta sriantacha an Aontais chuig Cónaidhm na Rúise. Go háirithe, cuireann LLC Testkomplekt raon leathan comhpháirteanna ó analógach go digiteach, micririalaitheoirí, dé-óidí agus braiteoirí nach féidir a onnmhairiú chuig Cónaidhm na Rúise. Ina theannta sin, is soláthróir de chuid Radiopriborsnab é LLC Testkomplekt, fochuideachta de Concern Radioelectronic Technologies (KRET), príomhfhorbróir agus monaróir táirgí raidió-leictreonacha míleata na Rúise.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard--Stiúrthóir ar LLC Testkomplekt, tá Ruslan Bulatov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tá sé ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1725. | Pavel Aleksandrovich SLUCHAK<br>(Rúisis: Павел Александрович СЛУЧАК;<br>Úcráinis: Павел Аляксандравіч СЛУЧАК | Feidhm: Ard-Stiúrthóir OJSC 'Orsha Aircraft Repair Plant'<br>Dáta breithe: 1963<br>Áit bhreithe: Mozyr, réigiún Gomel, an Bhealarúis<br>Náisiúntacht: Bealarúiseach<br>Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Pavel Sluchak ar OJSC 'Orsha Aircraft Repair Plant'. Is fiontar Bealarúiseach faoi úinéireacht stáit é 'Orsha Aircraft Repair Plant' a dheisíonn agus a nuachóiríonn aerárthaí. Déanann OJSC, 'Orsha Aircraft Repair Plant', athchóiriú agus nuachóiriú ar héileacaptair (Mi-24 agus Mi-35), a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar OJSC 'Orsha Aircraft Repair Plant', tá Pavel Sluchak ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1726. | Denis Aleksandrovich DIDENKO<br>(Денис Александрович ДИДЕНКО) | Feidhm: Breitheamh de Chúirt Dúiche Chív Simferopol<br>Dáta breithe: 14.6.1978<br>Áit bhreithe: Komsomolsk, ceantar Sverdlovsk, réigiún Luhansk, Poblacht Shóivéadach Shóisialach na hÚcráine (an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is breitheamh é Denis Didenko de Chúirt Dúiche Chív i gcathair Simferopol, an Chrimé. Cheap Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin é. Rinne Didenko cinntí cúirte a raibh cúis pholaitiúil leo maidir le cúisimh i gcoinne shaoránaigh na hÚcráine, Oleg Prikhodko, mar shampla, a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol agus beartais diansmachta na n-údarás forghabhála i leith Thataraigh na Crimé, agus iriseoirí, ar nós Gulsum Khalilova, a bhí ag clúdach agóidí de chuid ghníomhaithe Úcránacha agus Thataraigh na Crimé i réigiún Kherson. Ghabh sé Tataraigh de chuid na Crimé arís agus arís eile, Riza Reshetov, mar shampla, as páirt a ghlacadh i gcruinnithe a bhí tiomnaithe do na daoine atá faoi choinneáil.<br>Rinne Denis Didenko géarleanúint chórasach ar shaoránaigh na hÚcráine ar chúiseanna polaitiúla, agus bhain sé mí-úsáid as reachtaíocht fhrith-antoisceach agus fhrithsceimhlitheoireachta. Tugadh aitheantas arís agus arís eile dóibh siúd a gabhadh agus ar ghearr sé pianbhreith orthu mar phríosúnaigh pholaitiúla.<br>Dá bhrí sin, tá Denis Didenko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1727. | Ruslan Rinatovich SHAMBAZOV<br>(Руслан Ринатович ШАМБАЗОВ) | Feidhm: Ceann Roinn an Lárionaid um Chur i gCoinne an Antoisceachais san Aireacht Gnóthaí Baile do Phoblacht na Crimé, Leifteanant Coirnéal sna Póilíní<br>Dáta breithe: 19.5.1984<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: AR Krim, ceantar Simferopol, sráidbhaile Mirnoe, sráid Evpatoriyaskaya 37<br>Uimhir aitheantais chánach Úcránach (an Úcráin): 3082021993 | Is oifigeach póilíneachta é Ruslan Shambazov sa Lárionad um Chur i gCoinne an Antoisceachais san Aireacht Gnóthaí Baile don Chrimé. Ghlac Shambazov páirt i ngéarleanúintí ar shaoránaigh Úcránacha sa Chrimé arb í an pholaitíocht ba chúis leo agus bhí sé i gceannas ar na géarleanúintí sin, lena n-áirítear iad siúd ar de chineál cearta an duine iad, eadhon dlíodóirí, iriseoirí agus gníomhaithe ar son chearta an duine. Is eisean a chuir sé tús le gabháil na ndlíodóirí Emil Kurbedinov agus Edem Semedlyaev agus is é rinne maoirseacht orthu. Is é Ruslan Shambazov a d'eagraigh an ghéarleanúint ar ghníomhaithe chearta an duine agus ar iriseoirí sibhialta as a ngníomhaíochtaí gairmiúla agus as a ráitis frithchogaidh. Is eisean a chur túis le hionchúiseamh riaracháin Abdureshit Dzhepparov, Remzi Bekirov agus Rolan Osmanov ar fhorais a raibh bunús polaitiúil áiféiseach leo. Chuir Shambazov tús arís agus arís eile le hollchoinneáil gan bhunús agus neamhdhleathach Thataraigh na Crimé, a tháinig le chéile gar do na cúirteanna chun tacú lena gcomhthírigh a gabhadh.<br>Dá bhrí sin, tá Ruslan Shambazov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1728. | Valeriy Petrovich SHATILO<br>ar a dtugtar freisin<br>Valery Petrovich SHATILO<br>(Rúisis:<br>Валерий Петрович ШАТИЛО;<br>Úcráinis: Валерій Петрович ШАТІЛО) | Feidhm: Stiúrthóir OJSC '2566 Plant for the Repair of Radio-Electronic Weapons' (UNP 600012284)<br>Dáta breithe: 21.3.1959<br>Áit bhreithe: Mionsc, an Bhealarúis<br>Náisiúntacht: Bealarúiseach<br>Inscne: fireann | Is Stiúrthóir é Valeriy Shatilo ar OJSC '2566 Plant for the Repair of Radio-Electronic Weapons'. Is fiontar é sin a bhfuil speisialtóireacht á déanamh aige i ndeisiú agus nuachóiriú na n-arm agus an trealaimh aerchosanta, chomh maith le trealamh casta raidió-leictreonach eile agus táirgí míleata eile. Tá OJSC 2566 Radioelectronic Armament Repair Plant ag soláthar seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin d'Fhórsaí Armtha na Rúise.<br>Ina cháil mar Stiúrthóir ar OJSC '2566 Plant for the Repair of Radio-Electronic Weapons', tá Valeriy Shatilo ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1729. | Vladimir Vladimirovich ARTYAKOV<br>(Владимир Владимирович АРТЯКОВ) | Feidhm: Céad Leas-Ard-Stiúrthóir Rostec State Corporation<br>Dáta breithe: 30.6.1959<br>Áit bhreithe: Moscó APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: 3 Chobotovskaya Apt. 148, 119634 Moscó<br>Pasuimhir: 511528697 | Is bainisteoir Rúiseach é Vladimir Artyakov. Is Céad Leas-Ard-Stiúrthóir ar Rostec State Corporation é agus tá sé freagrach as orduithe cosanta stáit a chur chun feidhme d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Oibríonn sé i gcomhar le Rialtas na Rúise freisin, rud a chuireann ar chumas Rostec réitigh mhíleata nua ó Rostec a thástáil le linn fhogha na Rúise faoin Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Artyakov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1730. | Yanina Valeryevna OKHOTA (KOZHEMYAKO)<br>ar a dtugtar freisin<br>Yanina Valeriivna Okhota (KOZHEMYAKO)<br>(Rúisis: Янина Валерьевна ОХОТА (КОЖЕМЯКО);<br>Úcráinis: Яніна Валеріївна ОХОТА (КОЖЕМЯКО)) | Feidhm: Breitheamh de Chúirt Dúiche Chív Simferopol<br>Dáta breithe: 16.7.1983<br>Áit bhreithe: Sráidbhaile Petrovo, ceantar Simferopol i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is breitheamh í Yanina Okhota (Kozhemyako) de Chúirt Dúiche Chív i gcathair Simferopol, an Chrimé,. Cheap Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin í. Rinne Okhota cinntí cúirte a raibh údar polaitiúil leo maidir le cúisimh i gcoinne shaoránaigh na hÚcráine a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, chomh maith le beartais dhiansmachta na n-údarás forghabhála i leith Tataraigh de chuid na Crimé. Ghabh sí gníomhaí as Sevastopol, Alexei Shestokovich, mar gheall ar ghníomhaíocht dlúthpháirtíochta le príosúnaigh pholaitiúla, agus ghabh sí triúr saineolaithe ó ionad anailíseach Nomos, faoi choinneáil ag Seirbhís Slándála Cónaidhme Chónaidhm na Rúise. Ghabh Okhota Tataraigh de chuid na Crimé as rannpháirtíocht líomhnaithe leis an bpáirtí Ioslamach Hizb ut-Tahrir, agus bhain sí mí-úsáid as reachtaíocht fhrith-antoisceach agus fhrithsceimhlitheoireachta. Rinne sí ionchúiseamh freisin ar Tataraigh de chuid na Crimé a bhí ina gcomhaltaí den ghluaiseacht um chearta an duine 'Dlúthpháirtíocht na Crimé' as a gcuid gníomhaíochtaí iriseoireachta. Tar éis thús chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, rinne Okhota ionchúiseamh ar dhaoine as an gCrimé as ráitis frithchogaidh ar líonraí sóisialta.<br>Dá bhrí sin, tá Yanina Okhota ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1731. | Oleg Borisovich SEMENOVYKH<br>(Олег Борисович СЕМЕНОВЫХ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir LLC 'Favorit' Research and Production Company<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 772379165175 | Is Ard-Stiúrthóir é Oleg Semenovykh ar LLC 'Favorit' Research and Production Company (LLC NPK 'Favorit'). Cruthaíonn LLC 'Favorit' córais uathoibríocha faisnéise agus rialaithe chun faireachán a dhéanamh ar staid dromchla agus talún na nithe a dháiltear go geografach, ag feidhmiú ar bhonn bogearraí speisialta. Táirgeann LLC NPK 'Favorit' córais um feasacht staide, coimpléisc shoghluaiste, coimpléisc uathoibrithe suite, trealamh optaileictreonach, stáisiúin radair, trealamh soilsithe, córas loingseoireachta ilfheidhmeach (Azimuth-F) chomh maith le coimpléasc cothabhála soghluaiste (Arsenal) agus bogearraí speisialta atá deartha chun gníomhaíochtaí comhlachtaí rialaithe a uathoibriú. Thairis sin, úsáideann údaráis na Rúise roinnt táirgí LLC NPK 'Favorit' ('Ratnik', 'Helios', agus 'Helios-B') sa réimse míleata chomh maith leis an bpatról teorann.<br>Tá Oleg Semenovykhna, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar LLC NPK 'Favorit', ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1732. | Georgiy Vladimirovich ANTSEV<br>(Георгий Владимирович АНЦЕВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir/Ard-Dearthóir JSC NPP Radar MMS<br>Dáta breithe: 29.1.1961<br>Áit bhreithe: Cónaidhm na Rúise, Gorky. Leningrad (Cathair Pheadair feasta) (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: Fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 780105167705 | Is Ard-Stiúrthóir agus Ard-Dearthóir é Georgiy Antsev ar Joint Stock Company Research and Production Enterprise 'Radar MMS' (JSC 'NPP 'Radar MMS'). Is fiontar tionscal cosanta é JSC NPP 'Radar MMS' a dhearann agus a tháirgeann córais frithingithe le haghaidh airm ardchruinnis, eitleonaic mhíleata agus shibhialta, córais monatóireachta agus loingseoireachta.<br>Déanann JSC 'NPP 'Radar MMS' cinn frithinge ghníomhacha radair ARGS-14E, ARGS-35E agus ARGS-54E a dhearadh chun diúracáin chúrsála a threorú go cruinn ag sprioc dromchla sa chuid deiridh den ruthag eitilte. Áirítear 3M-14E nó diúracáin eile de theaghlach Kalibr ceann frithing ARGS-14E nó ARGS-54E níos forbartha, áirítear Kh-35/35U Uran/3M-24 ceann frithing ARGS-35E nó athraitheach nuachóirithe Gran-KE. Tá ceann frithinge ARGS-35E san áireamh i gcoimpléasc diúracán cósta Bal a bhaineann úsáid as diúracáin Kh-35/Kh-35E. Téann JSC 'NPP 'Radar MMS' i mbun taighde agus forbairt ar chórais aerárthaí gan foireann a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh oibríochtaí míleata. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Úsáidtear roicéid diúracáin de theaghlach Kalibr agus i modhnuithe Kh-35 sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Georgiy Antsev, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir JSC NPP Radar MMS, ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1733. | Stanislav Petrovich SHEVCHUK<br>(Станислав Петрович ШЕВЧУК) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir an Federal State Enterprise 'Avangard' (FKP 'Avangard')<br>Dáta breithe: 26.1.1972<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 143400493354 | Is Ard-Stiúrthóir é Stanislav Shevchuk ar Fhiontar Stáit Chónaidhme 'Avangard' (FKP 'Avangard'). Is fiontar cosanta Rúiseach é FKP 'Avangard' a chomhlíonann orduithe cosanta stáit chun trealamh míleata agus airm a dhiúscairt. Déanann FKP 'Avangard' obair taighde agus forbartha freisin maidir le cruthú agus nuachóiriú armlóin. Tá an fiontar faoi úinéireacht stáit trí Chorparáid Stáit Rostec agus an Ghníomhaireacht Chónaidhme um Bainistiú Maoine Stáit. Cumhdaíodh nuachóiriú an fhiontair le clár spriocdhírithe feidearálach agus le riarachán críochach na Gníomhaireachta Cónaidhme um Bainistíocht Maoine Stáit i mBaiscíria a sholáthair talamh do FKP 'Avangard' chun a acmhainneacht táirgeachta a leathnú.<br>Tá Stanislav Shevchuk, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar FKP 'Avangard', ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1734. | Gleb Yurievich VARENITSA<br>Глеб Юрьевич Вареница | Feidhm: Ard-Stiúrthóir an Joint Stock Company Novosibirsk Plant of Artificial Fiber<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 550618603328 | Is Ard-Stiúrthóir é Gleb Varenitsa ar Joint Stock Company Novosibirsk Plant of Artificial Fiber (JSC NZIV), ar fiontar é de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise a tháirgeann pléascáin thionsclaíocha lena n-úsáid i gcórais roicéad illainseála Fórsaí Armtha na Rúise. Úsáidtear na pléascáin thionsclaíocha a tháirgeann JSC NZIV i gcórais roicéad illainseála Uragan, Smerch agus Topol-S, a úsáideann arm na Rúise go forleathan i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Is é JSC SPLAV, fiontar eile den choimpléasc míleata-tionsclaíoch Rúiseach a fhorbraíonn agus a chóimeálann córais roicéad lainseála iolracha d'Fhórsaí Armtha na Rúise, príomh-chomhpháirtí JSC NZIV. Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC NZIV, tá Gleb Varenitsa ag tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1735. | Olga Vladimirovna NIKISHINA<br>(Ольга Владимировна НИКИШИНА) | Feidhm: Leas-Cheann na Roinne chun Tacú le Gníomhaíochtaí Choimisinéir Uachtaránachta na Rúise um Chearta Leanaí<br>Dáta breithe: 24.3.1989<br>Áit bhreithe: An Rúis<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 402403008600,<br>Pasuimhir: 2908332215 | Is leas-Cheannaire í Olga Nikishina ar an Roinn chun Tacú le Gníomhaíochtaí Choimisinéir Uachtaránachta na Rúise um Chearta Leanaí. Tá baint ag Cónaidhm na Rúise le leanaí Úcránacha a bheith á n-iompar go neamhdhleathach chuig an Rúis agus a bheith á n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn na gníomhaíochtaí sin cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Ina cáil mar Leas-Cheann na Roinne um Thacaíocht do Ghníomhaíochtaí Choimisinéir Uachtaránachta na Rúise um Chearta Leanaí, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint aici le Maria Lvova-Belova. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1736. | Marina Leonidovna PESCHANSKAYA<br>(Марина Леонидовна ПЕСЧАНСКАЯ) | Feidhm: An tOmbudsman um Chearta Leanaí in Sevastopol<br>Dáta breithe: 23.5.1967<br>Áit bhreithe: An Úcráin, Donetsk<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 920155250265,<br>Pasuimhir: 00BC521743 | Is í Marina Peschanskaya an tOmbudsman um Chearta Leanaí in Sevastopol sa Chrimé, atá faoi fhorghabháil na Rúise. Tá baint phearsanta aici ina ról féin le leanaí a bheith á n-iompar go neamhdhleathach chuig an Rúis agus a bheith á n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Maidir le hiompar neamhdhleathach leanaí na hÚcráine, tá bonn cirt tugtha aici le poist Maria Lvova-Belova, Coimisinéir Uachtaránachta na Rúise um chearta leanaí. Tá baint ag Cónaidhm na Rúise le leanaí Úcránacha a bheith á n-iompar go neamhdhleathach chuig an Rúis agus a bheith á n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn na gníomhaíochtaí sin cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Mar Ombudsman um Chearta Leanaí in Sevastopol sa Chrimé, atá faoi fhorghabháil na Rúise, tá Peschanskaya ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1737. | Inna Gennadyevna VARLAMOVA<br>(Инна Геннадьевна ВАРЛАМОВА) | Dáta breithe: 1.1.1968<br>Áit bhreithe: An Rúis<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 772705293530<br>Pasuimhir: 4512826961 | Is í Inna Varlamova bean chéile Sergei Mironov, atá ina bhall den Stát Rúiseach Duma agus atá ina cheannaire ar an gcodán páirtí 'Just Russia — For Truth' in Duma. Rinne Varlamova, in éineacht lena fear céile, leanbh a fuadaíodh ó dhílleachtlann in Kherson a uchtú (is cathair san Úcráin í Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach na Rúise). Chuaigh Varlamova go dtí réigiún Kherson go pearsanta agus d'iompair sí léi beirt leanaí go neamhdhleathach go Cónaidhm na Rúise. I gcás duine de na leanaí, athraíodh a sloinne go Mironova agus athraíodh a háit bhreithe go Podolsk Cónaidhm na Rúise, in áit Kherson na hÚcráine. Tá baint ag Cónaidhm na Rúise le leanaí Úcránacha a bheith á n-iompar go neamhdhleathach chuig an Rúis agus a bheith á n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn na gníomhaíochtaí sin cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Inna Varlamova freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.<br>Tá baint ag Inna Varlamova lena fear céile, Sergei Mikhailovich Mironov. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1738. | Kang Sun NAM | Feidhm: Aire Cosanta DPDC<br>Áit bhreithe: Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré<br>Náisiúntacht: An Chóiré Thuaidh<br>Inscne: fireann | Is é Kang Sun Nam Aire Cosanta Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. Déanann sé maoirseacht ina phost ar fhorbairt chlár diúracán balaistíoch neamhdhleathach Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus tá baint dhíreach aige leis an gcomhar míleata idir Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus Cónaidhm na Rúise, a raibh mar thoradh air gur sholáthair Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré armlón don Rúis chun leanúint dá cogadh foghach ar an Úcráin. Tá diúracáin bhalaistíocha arna ndearadh, arna bhforbairt agus arna dtáirgeadh ag an gCoiré Thuaidh á n-úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Thacaigh Kang Sun Nam go poiblí le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus thug sé bonn cirt leis. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1739. | Ruslan Gennadievich TARASOV<br><br>(Руслан Геннадьевич ТАРАСОВ) | Feidhm: Stiúrthóir JSC NPP Iskra Plant (dá ngairtear freisin Research and Production Enterprise 'Iskra Plant')<br><br>Dáta breithe: 22.6.1965<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann<br><br>An áit a meastar ina bhfuil sé: Cónaidhm na Rúise<br><br>Uimhir Aitheantais Chánach: 732718781987 | Is Stiúrthóir é Ruslan Tarasov ar JSC NPP Iskra Plant (Research and Production Enterprise 'Iskra Plant'). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC NPP Iskra Plant a fhorbraíonn dé-óidí, trasraitheoirí agus feistí leathsheoltóra eile d'earnáil cosanta na Rúise. Thairis sin, tá JSC NPP Iskra Plant ina chuid de Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br><br>Dá bhrí sin, tá Ruslan Tarasov, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC NPP Iskra Plant, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá baint ag Ruslan Tarasov le Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1740. | Olga VOLKOVA<br><br>(Ольга ВОЛКОВА) | Feidhm: Ceann na heagraíochta neamhrialtasacha 'Delfini'<br><br>Inscne: baineann | Is Ceann í Olga Volkova ar an eagraíocht neamhrialtasach 'Delfini'. Sa ról sin, bhí sí freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil chuig Poblacht na Bealarúise. Tá Olga Volkova ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt le forneart go dtí an Bhealarúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha agus Bhealarúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. D'eagraigh agus d'éascaigh Olga Volkova gluaiseacht leanaí Úcránacha go dtí an Bhealarúis agus chomhordaigh sí le baill de réimeas na Bealarúise chun gluaiseacht leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis a éascú sular tugadh go dtí an Bhealarúis iad. Faoi cheannaireacht Olga Volkova, déantar dianteagasc idé-eolaíoch a chur ar leanaí Úcránacha . Tugtar ar na leanaí freastal ar chláir oideachais atá ag tacú go gníomhach le bolscaireacht stáit na Rúise agus a chuireann chun cinn an tuairim gur cheart don Úcráin a bheith mar dhlúthchuid den Rúis. Sáraíonn a cuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Olga Volkova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1741. | Aleksey Konstantinovich TALAY<br><br>ar a dtugtar freisin<br><br>Aleksey TALAI<br><br>(Rúisis: Алексей Константинович ТАЛАЙ;<br><br>Bealarúisis: Аляксей<br><br>Канстанцінавіч ТАЛАЙ) | Feidhm: Bunaitheoir agus Ceann Charitable Foundation Aleksey Talay<br><br>Dáta breithe: 22.1.1983<br><br>Áit bhreithe: Orsha, Poblacht na Bealarúise<br><br>Náisiúntacht: Bealarúiseach<br><br>Inscne: fireann | Is é Aleksy Talay Bunaitheoir agus Ceann Aleksey Talai Charitable Foundation. Sa ról sin, bhí sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig Poblacht na Bealarúise. Tá Aleksey Talay ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí Úcránacha a dhíbirt le forneart go dtí an Bhealarúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha agus Bhealarúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. D'eagraigh agus d'éascaigh Aleksy Talay gluaiseacht leanaí ón Úcráin go dtí an Bhealarúis agus rinne sé comhordú le comhaltaí de réimeas na Bealarúise chun gluaiseacht leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis a éascú sular tugadh go dtí an Bhealarúis iad. Faoi cheannaireacht Aleksy Talay, déantar dianteagasc idé-eolaíoch a chur ar leanaí Úcránacha. Tugtar ar na leanaí freastal ar chláir oideachais atá ag tacú go gníomhach le bolscaireacht stáit na Rúise, ina séantar go poiblí ceart na hÚcráine chun státachta agus ina n-iarrtar 'dínaitsiú' na tíre, agus ina n-iarrtar freisin go ndéanfaí an tír a 'dhí-Úcránú' agus ina gcuirtear chun cinn an tuairim gur cheart don Úcráin a bheith mar dhlúthchuid den Rúis. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Aleksey Talay freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1742. | Dmitriy Vladimirovich DEMIDOV<br><br>(Rúisis: Дмитрий Володимирович ДЕМИДОВ;<br><br>Bealarúisis: Дзмітрый Уладзіміравіч ДЗЯМІДАЎ) | Feidhm: Cathaoirleach ar Choiste Feidhmiúcháin Cathrach Novopolotsk<br><br>Comhalta den Chomhairle i gCoiste réigiún Vitebsk<br><br>Ball de Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bealarúise<br><br>Dáta breithe: 11.12.1975<br><br>Áit bhreithe: Polotsk, an Bhealarúis<br><br>Náisiúntacht: Bealarúiseach<br><br>Inscne: fireann | Is Cathaoirleach é Dmitriy Demidov ar Choiste Feidhmiúcháin Cathrach Novopolotsk. Sa ról sin, bhí sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig Poblacht na Bealarúise. Tá Dmitriy Demidov ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí Úcránacha a dhíbirt le forneart go dtí an Bhealarúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha agus Bhealarúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Dmitriy Demidov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1743. | Svetlana Anatolievna MAYBORODA<br><br>(Rúisis: Светлана Анатольевна МАЙБОРОДА;<br><br>Úcráinis: Світлана Анатоліївна МАЙБОРОДА) | Feidhm: Ceann na Seirbhíse Stáit do Ghnóthaí Teaghlaigh agus Leanaí, mar a ghairtear di, i nDaon-Phoblacht Donetsk, mar a ghairtear di<br><br>Dáta breithe: 21.2.1970<br><br>Áit bhreithe: Makiivka, an Úcráin<br><br>Náisiúntacht: Úcránach<br><br>Inscne: baineann | Is í Svetlana Mayboroda Ceann na Seirbhíse Stáit do Ghnóthaí Teaghlaigh agus Leanaí, mar a ghairtear di, i nDaon-Phoblacht Donetsk, mar a ghairtear di. Sa ról sin, bhí sí freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig an Rúis. Tá Svetlana Mayboroda ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt le forneart go dtí an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a cuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Svetlana Mayboroda freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | + |

\+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1744. | Dzmitry Yaŭhienavič SHAUTSOU<br><br>ar a dtugtar freisin<br><br>Dzmitry Yaŭhienavič ŠAŬCOŬ<br><br>ar a dtugtar freisin<br><br>Dmitry Yevgenyevich SHEVTSOV<br><br>(Rúisis: Дмитрий Евгеньевич ШЕВЦОВ;<br><br>Bealarúisis: Дзмітрый Яўгенавіч ШАЎЦОЎ) | Feidhm: Ardrúnaí Chrois Dhearg na Bealarúise<br><br>Dáta breithe: 3.11.1973<br><br>Áit bhreithe: Poblacht na Bealarúise<br><br>Náisiúntacht: Bealarúiseach<br><br>Inscne: fireann | Is Ardrúnaí Chrois Dhearg na Bealarúise é Dzmitry Shautsou. Sa ról sin, bhí sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig Poblacht na Bealarúise. Tá Dzmitry Shautsou ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí Úcránacha a dhíbirt le forneart go dtí an Bhealarúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha agus Bhealarúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Thug sé cuairt ar leanaí ón Úcráin sa Bhealarúis agus sna codanna den Úcráin atá faoi fhorghabháil ag an Rúis agus chaith sé éadaí míleata ar son na Rúise ar a raibh an ‘Z’. Baineann Dzmitry Shautsou leas as Cros Dhearg na Bealarúise chun gluaiseacht leanaí Úcránacha chun na Bealarúise a eagrú agus a éascú. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Dzmitry Shautsou freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1745. | Elena Mikhailovna DEMIDOVA<br><br>(Rúisis: Елена Михайловна ДЕМИДОВА;<br><br>Bealarúisis: Алена Міхайлаўна ДЗЯМІДАВА) | Feidhm: Ceann Riarachán Cathrach Yevpatoria<br><br>Dáta breithe: 12.9.1975<br><br>Áit bhreithe: Yevpatoriya, an Úcráin<br><br>Náisiúntacht: Úcránach<br><br>Inscne: baineann<br><br>Seoladh:<br><br>297408, , Yevpatoria, Lenin ave., 2 an Chrimé, an Úcráin | Is í Elena Demidova Ceann Riaracháin Cathrach Yevpatoria. Sa ról sin, bhí sí freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a cuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Elena Demidova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1746. | Inna Volodymyrovna SHVENK<br><br>ar a dtugtar freisin<br><br>Inna Volodymyrovna MISHCHENKO<br><br>(Rúisis: Инна Владимировна ШВЕНК<br><br>ar a dtugtar freisin<br><br>Инна Владимировна МИЩЕНКО;<br><br>Úcráinis: Інна Володимирівна ШВЕНК<br><br>ar a dtugtar freisin<br><br>Інна Володимирівна МІЩЕНКО) | Feidhm: An Coimisinéir um Chearta Leanaí i nDaon-Phoblacht Luhansk, mar a ghairtear di<br><br>Dáta breithe: 25.10.1991<br><br>Áit bhreithe: Alchevsk, an Úcráin<br><br>Náisiúntacht: Úcránach<br><br>Inscne: baineann | Is í Inna Schvenk an Coimisinéir um Chearta Leanaí i nDaon-Phoblacht Luhansk, mar a ghairtear di. Sa ról sin, tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí Úcránacha go dtí an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Inna Schvenk cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Inna Schvenk ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1747. | Irina Dmitrievna KLYUEVA<br><br>(Rúisis: Ирина Дмитриевна КЛЮЕВА;<br><br>Úcráinis: Ірина Дмитрівна КЛЮЄВА) | Feidhm: An Coimisinéir um Chearta Leanaí i bPoblacht na Crimé, mar a ghairtear di<br><br>Dáta breithe: 13.8.1966<br><br>Áit bhreithe: Shepetivka, an Úcráin<br><br>Inscne: baineann | Is í Irina Klyueva an Coimisinéir um Chearta Leanaí i bPoblacht na Crimé, mar a ghairtear di. Sa ról sin, tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí Úcránacha a bheith á n-iompar go neamhdhleathach go dtí an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Irina Klyueva cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Irina Klyueva ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus de chobhsaíocht agus de shlándáil san Úcráin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1748. | Natalya Vladimirovna KOMAROVA<br><br>(Наталия Владимировна КОМАРОВА) | Feidhm: Gobharnóir réigiún Khanty-Mansi Autonomous Okrug –Yugra<br><br>Dáta breithe: 21.10.1955<br><br>Áit bhreithe: Yazvo, ceantar Lyadsky, réigiún Pskov, Cónaidhm na Rúise<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: baineann<br><br>Seoladh: 5 Mira str., Khanty-Mansiysk, 628006, Cónaidhm na Rúise | Is í Natalya Komarova Gobharnóir réigiún Khanty-Mansi Autonomous Okrug – Yugra, agus is é Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin a cheap í. Ina ról mar ghobharnóir, bainistíonn Natalya Komarova comhlacht stáit réigiúnach de chuid Chónaidhm na Rúise agus is í atá freagrach as beartais stáit a chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach.<br><br>Mar Ghobharnóir, tá Natalya Komarova tar éis tairbhe a bhaint as leasuithe a rinne an tUachtarán Vladimir Putin ar dhlí riaracháin na Rúise, rud a fhágann go bhfuil de rogha aici fanacht i gcumhacht ar feadh blianta breise.<br><br>Tá baint ag Natalya Komarova freisin le leanaí Úcránacha a bheith á n-iompar go neamhdhleathach chuig an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Natalya Komarova cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Natalya Komarova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 363. | JSC MAK Vympel<br>ar a dtugtar freisin Interstate Joint Stock Corporation 'Vympel'<br>ar a dtugtar freisin<br>Public Joint Stock Company VIMPEL Interstate Corporation<br>ar a dtugtar freisin Interstate Joint Stock Corporation 'Vympel'<br>ar a dtugtar freisin Vympel Central Science and Production Association<br>(Открытое Акционерное Общество Межгосударственная Акционерная Корпорация Вымпел) | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (125480, Moscó, st. Geroev Panfilovtsev, 10/1)<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Poiblí<br>Dáta clárúcháin: 29.9.1992<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7714041693<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC MAK Vympel (ar a dtugtar freisin Public Joint Stock Company Vympel Interstate Corporation) a fhorbraíonn córais diúracán frith-bhalaistíoch agus córais rialaithe spáis atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC MAK Vympel ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá JSC MAK Vympel ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá JSC MAK Vympel bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 364. | JSC NMZ<br>ar a dtugtar freisin Nizhny Novgorod Machine-Building Plant<br>(АО 'НМЗ'<br>ar a dtugtar freisin Акционерное Общество 'Нижегородский Машиностроительный Завод') | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (603052, réigiún Nizhny Novgorod, Nizhny Novgorod, mórbhealach Sormovskoe, uimh. 21<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Dáta clárúcháin: 15.2.1994<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 5259008768<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC NMZ (ar a dtugtar freisin Nizhny Novgorod Machine-Building Plant) a fhorbraíonn córais diúracán, lena n-áirítear na córais diúracán frith-aerárthaí S-300, arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC NMZ ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá JSC NMZ ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá JSC NMZ bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 365. | JSC RIRV<br>ar a dtugtar freisin Russian Institute of Radio Navigation and Time<br>ar a dtugtar freisin RIRT<br>(Акционерное Общество 'Российский Институт Радионавигации И Времени'<br>ar a dtugtar freisin AO 'РИРВ') | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (192012, Cathair Pheadair, Obukhovskaya Oborona Ave., 120<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Dáta clárúcháin: 5.5.2003<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7825507108<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch de chuid na Rúise é JSC RIRV (ar a dtugtar freisin Russian Institute of Radio Navigation and Time) a fhorbraíonn trealamh loingseoireachta le haghaidh chóras GLONASS na Rúise atá in úsáid ag Fórsa Armtha na Rúise chun buillí ardchruinnis a bhualadh ar bhonneagar sibhialtach agus míleata san Úcráin. Thairis sin, is cuid den ghnóthas Almaz-Antey é JSC RIRV, ar monaróir arm Rúiseach é atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá JSC RIRV ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Thairis sin, tá JSC RIRV bainteach leis an ngnóthas Alamz-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 366. | JSC RPTP Granit<br>ar a dtugtar freisin Ryazan Production and Technical Enterprise Granit<br>(АО РПТП Гранит<br>ar a dtugtar freisin Акционерное Общество 'Рязанское Производственно-Техническое Предприятие 'Гранит'') | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (390039, réigiún Ryazan, cathair Ryazan, Internationalnaya st., 1<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Dáta clárúcháin: 29.11.2002<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 6229031754<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC RPTP Granit (ar a dtugtar freisin Ryazan Production and Technical Enterprise Granit) a dhéanann cothabháil agus tástáil ar chórais arm, lena n-áirítear an S-400 Triumf agus córais diúracán S-300, atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC RPTP Granit ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, ar monaróir arm Rúiseach é atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá JSC RPTP Granit ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ina theannta sin, tá JSC RPTP Granit bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 367. | JSC UMZ<br>ar a dtugtar freisin Ulyanovsk Mechanical Plant<br>(OAO 'УМЗ'<br>ar a dtugtar freisin Открытое Акционерное Общество 'Ульяновский Механический Завод'<br>ar a dtugtar freisin Ульяновский Механический Завод<br>ar a dtugtar freisin Ulyanovskiy Mekhanicheskiy Zavod) | Seoladh: Ulyanovsk, Cónaidhm na Rúise (432008, réigiún Ulyanovsk, cathair Ulyanovsk, Moskovskoe highway, no. 94<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Dáta clárúcháin: 14.10.2002<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7303026762<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar stáit tionsclaíoch míleata Rúiseach é JSC UMZ a fhorbraíonn córais diúracáin, lena n-áirítear an córas diúracáin Buk-M2, atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC UMZ ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá JSC UMZ ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ina theannta sin, tá JSC UMZ bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 368. | JSC VMP AVITEK<br>ar a dtugtar freisin Vyatka Machine-Building Enterprise AVITEK<br>ar a dtugtar freisin Avitek<br>(OAO "ВМП 'АВИТЕК'"<br>ar a dtugtar freisin Акционерное общество 'Вятское машиностроительное предприятие 'Авитек'') | Seoladh: Kirov, Cónaidhm na Rúise (610047, réigiún Kirov, Kirov, Oktyabrsky pr-kt, 1a<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Dáta clárúcháin: 3.10.2002<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 4345047310<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC VMP Avitek (ar a dtugtar freisin Vyatka Machine-Building Enterprise Avitek) a fhorbraíonn agus a tháirgeann diúracáin frith-aerárthaí threoraithe ó dhromchla go haer atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise. Ina theannta sin, forbraíonn agus táirgeann JSC VMP Avitek suíocháin eisteilgin le haghaidh scairdeitleáin trodaíochta atá in úsáid ag fórsaí armtha na Rúise. Go sonrach, tá JSC VMP Avitek ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá JSC VMP Avitek ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ina theannta sin, tá JSC VMP Avitek bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 369. | JSC VNIIRT<br>ar a dtugtar freisin All-Russian Research Institute Of Radio Engineering<br>(Открытое Акционерное Общество 'Всероссийский Научно-Исследовательский Институт Радиотехники'<br>ar a dtugtar freisin OAO 'ВНИИРТ') | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (105082, Moscó, Bolshaya Pochtovaya st., 22<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Dáta clárúcháin: 6.11.2002<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7701315700<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC VNIIRT (ar a dtugtar freisin All-Russian Research Institute of Radio Engineering) a fhorbraíonn córais radair atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear córais radair a úsáidtear le haghaidh chóras diúracáin Pantsir-S1 na Rúise. Thairis sin, tá JSC VNIIRT ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá JSC VNIIRT ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá JSC VNIIRT bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 370. | M Leasing LLC<br>(ООО М ЛИЗИНГ<br>ar a dtugtar freisin Общество С Ограниченной Ответственностью 'М Лизинг'<br>ar a dtugtar freisin OOO 'M Lizing') | sSeoladh: Cónaidhm na Rúise (105005, Moscó, Baumanskaya street, 7 building 1, floor/room/room 2/I/2<br>Cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta<br>Dáta clárúcháin: 18.3.2021<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 9701173086<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é M Leasing LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá baint ag M Leasing LLC le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistríodh muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag M Leasing LLC chuig iosta armlóin i mbaile Tikhoretsk ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá M Leasing LLC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 371. | Marine Trans Shipping LLC<br>(ООО Марин Транс Шиппинг<br>ar a dtugtar freisin Общество С Ограниченной Ответственностью 'Марин Транс Шиппинг') | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (réigiún Astrakhan, Astrakhan, st. Embankment of the Tsarev River, 1, office 2<br>Cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta<br>Dáta clárúcháin: 11.9.2020<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 3025037914<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é Marine Trans Shipping LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá baint ag Marine Trans Shipping LLC le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistríodh muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag Marine Trans Shipping LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Marine Trans Shipping LLC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 372. | MFI Soft LLC<br>(ООО 'Мфи Софт'<br>ar a dtugtar freisin Общество С Ограниченной Ответственностью 'МФИ Софт') | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (119454, Moscó, Koshtoyantsa str., 12, premises. 3<br>Cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta<br>Dáta clárúcháin: 25.12.2006<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7710657509<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta TF Rúiseach é MFI Soft LLC a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn crua-earraí agus bogearraí chumais Chóras na Rúise le haghaidh Bearta um Chuardach Oibríochtúil (SORM). Cuireann SORM ar chumas na Rúise faisnéis intíre agus eachtrach a bhailiú, faireachán a dhéanamh ar easaontú agus é a chur faoi chois, agus tá sé suiteáilte ar bhonneagar i gcodanna áitithe den Úcráin chun cur tuilleadh le hiarrachtaí na Rúise críoch na hÚcráine a chomhtháthú leis an Rúis. Dá bhrí sin, tá MFI Soft LLC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.<br>Ina theannta sin, is sealbhóir ceadúnais Seirbhís Slándála Cónaidhme Chónaidhm na Rúise (SSC) é MFI Soft LLC. Eisítear ceadúnais SSC do chuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn 'córais bainistithe bunachar sonraí' do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú). Dá bhrí sin, is eintiteas é MFI Soft LLC a oibríonn in earnáil TF na Rúise agus ag a bhfuil ceadúnas arna riar ag an Lárionad um Cheadúnú, um Dheimhniú agus um Chosaint Rún Stáit de chuid SSC. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 373. | MG-Flot LLC<br>ar a dtugtar freisin Transmorflot<br>ar a dtugtar freisin Transmorflot shipping company<br>ar a dtugtar freisin Transseaport<br>(ООО МГ-ФЛОТ<br>ar a dtugtar freisin ООО Трансморфлот) | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (368730, Poblacht na Dagastáine, ceantar Akhtynsky, sráidbhaile Akhty, st. Lenina, 18 'd', premises. 1<br>Cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta<br>Dáta clárúcháin: 17.2.2005<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 3017041900<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é MG-Flot LLC (ar a dtugtaí TransMorFlot LLC) a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá baint ag MG-Flot LLC le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistríodh muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag MG-Flot LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ina theannta sin, bhí soithí faoi úinéireacht MG-Flot LLC páirteach i lastais arm ón Iaráin chun cabhrú le hionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá MG-Flot LLC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 374. | PSV Technologies LLC<br>(Общество С Ограниченной Ответственностью 'ПСВ Технологии'<br>ar a dtugtar freisin ПСВ Технологии) | Seoladh: Moscó, Conaidhm na Rúise (107023, Moscó, Malaya Semenovskaya st., 3a building 2<br>Cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta<br>Dáta clárúcháin: 27.3.2023<br>Uimhir Chlárúcháin: 7718927027<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is eintiteas Rúiseach é PSV Technologies LLC a bhfuil baint aige le soláthar earraí ardteicneolaíochta thar ceann rialtas Chónaidhm na Rúise. Is soláthróir é an t-eintiteas i ndeich gconradh ar a laghad le Rialtas na Rúise, lena n-áirítear conarthaí le monaróirí arm faoi úinéireacht stáit laistigh de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise. Go háirithe, éascaíonn PSV Technologies LLC ceannach earraí dé-úsáide agus earraí míleata atá faoi réir smachtbhannaí ón Aontas Eorpach thar ceann mhonaróirí arm na Rúise atá faoi úinéireacht stáit.<br>Dá bhrí sin, tá PSV Technologies LLC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 375. | Razdolye Implementation Center LLC<br>ar a dtugtar freisin Razdolie<br>ar a dtugtar freisin Razdole<br>ar a dtugtar freisin VC Razdolye<br>ar a dtugtar freisin VC Razdolie<br>ar a dtugtar freisin VC Razdole<br>(Общество С Ограниченной Ответственностью 'Внедренческий Центр 'Раздолье'')<br>ar a dtugtar freisin ООО 'ВЦ 'Раздолье') | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (432001, réigiún Ulyanovsk, Ulyanovsk, Marata street, 13, office 1<br>Cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta<br>Dáta clárúcháin: 24.3.2008<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7325078348<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta TF Rúiseach é Razdolye Implementation Center LLC a fhobraíonn táirgí do choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise. Go háirithe, forbraíonn Razdolye Implementation Center LLC bogearraí pleanála acmhainní fiontraíochta agus uathoibrithe do Morinformsystem Agat JSC, PJSC United Engine Corporation, JSC Tactical Missile Weapons Corporation, JSC Almaz-Antey Air agus Space Defence Corporation, JSC RATEP, PJSC "Scientific and Production Association 'Almaz'" a ainmníodh as Academician A.A. Raspletin", PJSC Stavropol Radio Plant 'Signal', agus Production Association Strela. Úsáideann monaróirí airm na Rúise bogearraí uathoibrithe arna bhforbairt agus arna gcur i bhfeidhm ag Razdolye Implementation Center chun orduithe cosanta stáit a fhorghníomhú agus costais táirgthe a laghdú.<br>Dá bhrí sin, tá Razdolye Implementation Center LLC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 376. | Research and Production Center BiznesAvtomatiki LLC<br>ar a dtugtar freisin Research and Production Center Business Automation<br>ar a dtugtar freisin NPC BiznesAvtomatika<br>(ООО 'НПЦ 'Бизнесавтоматика'<br>ar a dtugtar freisin Научно-Производственный Центр "Бизнесавтоматика") | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (119619, Moscó, Aviatorov street, 9/2)<br>Cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta<br>Dáta clárúcháin: 25.3.2010<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7729652455<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta TF Rúiseach é BiznesAvtomatiki LLC a fhorbraíonn táirgí do choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise. Rangaítear an t-eintiteas i measc na soláthraithe TF is mó d'earnáil chosanta na Rúise. Go háirithe, forbraíonn an t-eintiteas uirlisí intleachta saorga, córais slándála faisnéise, agus bogearraí chun mórshonraí a phróiseáil agus a anailísiú — *inter alia* — maidir leis an 46ú Institiúid Lárnach Taighde de chuid Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as córais arm ardteicneolaíochta a fhorbairt d'Fhórsaí Armtha na Rúise, chomh maith le hInstitiúid Bhuiséadach an Stáit Cónaidhme 'National Research Center' [Ionad Taighde Náisiúnta] a ainmníodh as N.E. Zhukovsky.<br>Go suntasach, tá ceadúnas ag an eintiteas le haghaidh 'airm agus trealamh míleata a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil, a shuiteáil, a chothabháil, a dhiúscairt agus a dhíol' arna riar ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise, chomh maith le ceadúnas Seirbhís Slándála Cónaidhme Chónaidhm na Rúise (SSC) chun obair a dhéanamh a bhaineann le húsáid faisnéise atá ina rún stáit agus ceadúnas SSC chun obair a dhéanamh ar fhorbairt, táirgeadh agus dáileadh teicneolaíochtaí criptiúcháin (cripteagrafach). | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, tá Research and Production Center BiznesAvtomatiki LLC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Thairis sin, is eintiteas é Research and Production Center BiznesAvtomatiki LLC a oibríonn in earnáil TF na Rúise agus ag a bhfuil ceadúnas arna riar ag an Lárionad um Cheadúnú, um Dheimhniú agus um Chosaint Rún Stáit de chuid Sheirbhís Slándála Cónaidhme Chónaidhm na Rúise (SSC) agus ag a bhfuil ceadúnas le haghaidh 'armáin agus trealamh míleata' arna riar ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 377. | Sovfracht JSC<br>ar a dtugtar freisin Sovfracht PJSC<br>ar a dtugtar freisin Sovfrakht JSC<br>(АО СОВФРАХТ<br>ar a dtugtar freisin Акционерное Общество “Совфрахт”) | Seoladh: Cónaidhm na Rúise (121096, Moscó, Vasilisa Kozhinoy st., 1 building 1, room 611, floor 6<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Dáta clárúcháin: 30.11.1992<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7702059030<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é Sovfracht JSC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, is nód lárnach é Sovfracht JSC i líonraí iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistríodh muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag Sovfracht JSC chuig iostaí airm ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Sovfracht JSC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 378. | Joint Stock Company 'Concern Granit-Electron'<br>ar a dtugar freisin JSC Concern Granit-Electron<br>ar a dtugar freisin JSC Granit-Electron<br>ar a dtugar freisin Granit-Electron<br>(AO "Концерн 'Гранит-Электрон'"<br>ar a dtugar freisin Акционерное Общество "концерн 'гранит-электрон'"<br>ar a dtugar freisin Гранит-Электрон) | Seoladh: Gospitalnaya 3, Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Áit chlárúcháin: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 18.5.2006<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7842335610<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Tá córais cogaíochta á bhforbairt agus á dtáirgeadh ag JSC Concern Granit-Electron lena n-úsáid i gcoimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise. Tá córais uathrialúcháin á dtáirgeadh aige le haghaidh dhiúracáin P-800 Oniks (Yakhont), a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá JSC Concern Granit-Electron ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint ag JSC Concern Granit-Electron le JSC Tactical Missiles Corporation freisin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 379. | JSC Design Bureau of Mechanical Engineering<br>ar a dtugar freisin JSC KBM<br>(Акционерное Общество 'Конструкторское бюро машиностроения'<br>ar a dtugtar freisin AO 'КБМ') | Seoladh: Schipok street 43, Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 18.7.2005<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7722307636<br>Príomhionad gnó: Moscó, Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta tionscail mhíleata é JSC Design Bureau of Mechanical Engineering a bhfuil baint aige le hairm a fhorbairt d'Fhórsaí Armtha na Rúise. Is príomhfhorbróir chóras diúracán Bal é, córas a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá JSC Design Bureau of Mechanical Engineering ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint ag JSC Design Bureau of Mechanical Engineering le JSC Tactical Missiles Corporation freisin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 380. | Joint Stock Mompany “Military-Industrial Corporation ‘Research and Production Association of Mechanical Engineering’”<br>ar a dtugar freisin JSC Mashinostroyeniya<br>ar a dtugar freisin NPO Mashinostroyeniya<br>(Акционерное Общество “военно-промышленная корпорация ‘научно-производственное объединение машиностроения’”<br>ar a dtugtar freisin<br>НПО машиностроения) | Seoladh: Gagarina street 33, Reutov, Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 28.2.2007<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 5012039795<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is é JSC Mashinostroyeniya atá freagrach as diúracán P-800 Oniks (Onyx) a tháirgeadh agus a dhearadh, diúracán a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá JSC Mashinostroyeniya ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine críochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint ag JSC Mashinostroyeniya le JSC Tactical Missiles Corporation freisin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 381. | JSC Petrovsky Electromechanical Plant 'Molot'<br>(Акционерное Общество "петровский электромеханический завод 'Молот'"<br>ar a dtugtar freisin АО "ПЕТРОВСКИЙ ЭЛЕКТРОМЕХАНИЧЕСКИЙ ЗАВОД 'Молот'"<br>ar a dtugtar freisin АО "ПЭМЗ 'МОЛОТ'") | Seoladh: Gogolya street 40, Petrovsk, Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Áit chlárúcháin: Petrovsk, Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 21.1.2014<br>OGRN: 1146444000010<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 6444009038<br>Príomhionad gnó: Petrovsk, Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta tionscail mhíleata é JSC Petrovsky Electromechanical Plant 'Molot' a tháirgeann comhpháirteanna agus ionstraimí éagsúla le haghaidh airm a úsáidtear sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC Petrovsky Electromechanical Plant 'Molot' ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint ag JJSC Petrovsky Electromechanical Plant 'Molot' le JSC Concern Granit-Electron agus le JSC Tactical Missiles Corporation freisin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 382. | Joint stock company Zavod Dagdizel<br>ar a dtugtar freisin<br>Joint stock company Zavod Dagdiesel<br>(Акционерное Общество “завод ‘Дагдизель’”<br>ar a dtugtar АО “Завод ‘Дагдизель’”) | Seoladh: Lenina 1, Kaspiysk, Republic of Dagestan, Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Áit chlárúcháin: Kaspiysk, Poblacht na Dagastáine, Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 24.11.2000<br>OGRN: 1020502130351<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 0545001919<br>Príomhionad gnó: Kaspiysk, Poblacht na Dagastáine, Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta tionscail mhíleata é JSC Zavod Dagdizel a bhfuil baint aige le hairm faoi uisce a fhorbairt agus a tháirgeadh do Chabhlach na Rúise a úsáidtear sa chogadh foghach ar an hÚcráin. Is fochuideachta de MPO-Gidropribor é JSC Zavod Dagdizel, atá mar chuid de JSC Tactical Missiles Corporation. Dá bhrí sin, tá JSC Zavod Dagdizel ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint ag JSC Zavod Dagdizel le MPO-Gidropribor agus le JSC Tactical Missiles Corporation freisin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 383. | Joint Stock Company Central Design Bureau of Automatics<br>ar a dtugtar freisin Joint Stock Company TsKBA<br>(Акционерное Общество 'Центральное конструкторское бюро автоматики'<br>ar a dtugtar freisin AO 'ЦКБА') | Seoladh: Kosmicheskiy prospekt 24A, Omsk, Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Áit chlárúcháin: Omsk, Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 31.1.2008<br>Uimhir chlárúcháin: 5506202219<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar Rúiseach é JSC Central Design Bureau of Automatics (TsKBA), a dhearann agus a tháirgeann comhpháirteanna do dhiúracáin Kh-31P, a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC Central Design Bureau of Automatics ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine críochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint ag JSC Central Design Bureau of Automatics le JSC Tactical Missiles Corporation freisin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 384. | NPO Elektromashina<br>(АО НПО ‘Электромашина’») | Seoladh: Mashinostroiteley street 2, 454119 Chelyabinsk, Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Teileafón: +7 351 255 20 78<br>Facs: +7 351 253 78 42<br>Ríomhphost: sale@npoelm.ru<br>Suíomh gréasáin: www.npoelm.ru | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é JSC NPO Elektromashina. Táirgeann sé trealamh leictreach do threalamh míleata, amhail trealamh soláthair cumhachta, aonaid chumhachta agus córais rialaithe arm.<br>Soláthraíonn JSC NPO Elektromashina trealamh leictreach do chineálacha éagsúla arm Rúiseach a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, amhail KamAZ Typhoon, T-72, T-90, BMP-3 agus tionscadal ‘Gibka’. Comhlíonann NPO Elektromashina orduithe ó Aireacht Cosanta na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá JSC NPO Elektromashina ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 385. | Joint-Stock Company Arzamas Scientific Production Enterprise 'TEMP-AVIA'<br>ar a dtugtar freisin JSC Arzamasskoe Nauchno Proizvodstvennoe Predpriyatie 'Temp-Avia',<br>(Акционерное Общество Арзамасское научно-производственное предприятие<br>ar a dtugtar freisin 'ТЕМП-АВИА') | Seoladh: 26 Kirov St., Arzamas, Nizhny Novgorod region, 607220 Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Teileafón: +7 (83147) 7-13-35, 7-83-19<br>Facs: +7 (83147) 9-46-42<br>Ríomhphost: ao@temp-avia.ru<br>Suíomh gréasáin: https://www.temp-avia.ru/ | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é Temp-Avia. Monaraíonn sé níos mó ná 300 cineál táirgí a úsáidtear ar aerárthaí, héileacaptair, aerárthaigh gan foireann agus muirfheithiclí agus feithiclí armúrtha Rúiseacha.<br>Tá Temp-Avia speisialaithe i gcórais loingseoireachta agus córais uathrialúcháin, córais rialaithe táimhe, aonaid tomhais thámhúla, cobhsaitheoirí gíreascóip, braiteoirí faisnéise príomhúla, táscairí sainstiúrach, agus córais chomhtháite ionstraimí cúltaca um loingseoireacht eitilte a tháirgeadh. Is cuideachtaí tionscail mhíleata eile de chuid na Rúise iad na páirtithe conarthacha agus an Rialtas Rúiseach é féin. Go háirithe, táirgeann Temp-Avia táscaire dearcadh bunúsach AGB-96, táscaire a úsáidtear ar héileacaptair Mi-8, a úsáideann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Temp-Avia ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 386. | JSC Tomsk Electrotechnical Plant<br>(AO 'Томский электротехнический завод') | Seoladh: 634041, Tomsk, 51a Kirov Ave., Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Teileafón: +7 (3822) 55-43-95<br>Facs: anaithnid<br>Ríomhphost: info@tetz.uvz.ru<br>Suíomh gréasáin: https://tetz.ru | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é JSC Tomsk Electrotechnical Plant. Is soláthróir d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise é. Déanann an chuideachta T-90 a nuachóiriú le comhar agus faoi bhainistíocht a mháthairchuideachta Uralvagonzavod.<br>Dá bhrí sin, tá JSC Tomsk Electrotechnical Plant ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 387. | OJSC 'Ural Design Bureau of Transport Engineering'<br>ar a dtugtar freisin OJSC 'UKBTM'<br>(ОАО 'УКБТМ' Открытое Акционерное Общество<br>ar a dtugtar freisin 'Уральское конструкторское бюро транспортного машиностроения') | Seoladh: Vostochynye shoes 38, 622007 Nizhny Tagil, réigiún Sverdlovsk, Cónaidhm na Rúisean<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Oscailte<br>Teileafón: +7 (3435) 34-40-41<br>Facs: +7 (3435) 97-70-19<br>Ríomhphost: mail@ukbtm.uvz.ru<br>Suíomh gréasáin: http://ukbtm.ru | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é UKBTM. Forbraíonn sé feithiclí comhraic. Tá tancanna T-72 agus T-90 á bhforbairt agus á nuachóiriú ag UKBTM d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, a úsáidtear sa chogadh foghach ar an hÚcráin.<br>Dá bhrí sin, tá UKBTM ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | **23.2.2024** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 388. | JSC Uralcryomash<br>ar a dtugar freisin<br>JSC Uralkriomash<br>(AO 'Уралкриомаш') | Seoladh: Vostochnoe shosse 24, 622051 Nizhny Tagil, réigiún Sverdlovsk, Cónaidhm na Rúisea<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Teileafón: +7 (3435) 499-080<br>Ríomhphost: cryont@ucm.uvz.ru<br>Suíomh gréasáin: https://www.cryont.ru | Is cuideachta Rúiseach é Uralcryomash a tháirgeann teicneolaíocht dé-úsáide. Tá sé ar cheann de na príomh-mhonaróirí sa Rúis de threalamh crióigineach, soithí a oibríonn faoi bhrú, stóráil le haghaidh gáis agus leachtanna pléascacha agus inadhainte.<br>Soláthraíonn Uralcryomash earraí d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise faoi ordú cosanta stáit na Rúise. Soláthraíonn an chuideachta réitigh iompair naftailéine agus ocsaigine do Roscosmos' Vostochny Cosmodrome. In Vostochny, seoltar satailítí Cosmodrome chun gur féidir le hArm na Rúise spriocanna a shainaithint i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Uralcryomash ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 389. | Zavod no 9<br>ar a dtugtar freisin Plant n°9<br>(Завод № 9) | Seoladh: 620012, Ploshchad' Pervoy Pyatiletki, Yekaterinburg, Sverdlovsk Oblast, Cónaidhm na Rúise<br>Teileafón: +7 (343) 327-59-00<br>Facs: +7 (343) 336-66-84<br>Ríomhphost: ural@9.uvz.ru<br>Suíomh gréasáin: http://zavod9.com | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é Zavod no 9. Is soláthróir d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise é.<br>Monaraíonn an chuideachta gunnaí tarraingthe, lena n-áirítear habhatsar D-30A, agus gunnaí tanc do thancanna T-62, T-72, T-90. Baineann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise úsáid as habhatsair D-30 agus as tancanna T-62, T-72 agus T-90 i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Zavod no 9 ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 390. | OJSC Arsenal Machine-Building Plant<br>ar a dtugtar freisin<br>JSC Machine-Building Plant Arsenal<br>(OAO "Машиностроительный Завод 'Арсенал'") | Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 195009, Cathair Pheadair, Komsomola Str. 1-3<br>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Oscailte<br>Teileafón: +7 (812) 292 40 11<br>Facs: +7 (812) 292 46 56<br>Ríomhphost: arsenal@mzarsenal.com<br>Suíomh gréasáin: https://mzarsenal.com | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é JSC Machine-Building Plant Arsenal. Tá orduithe cosanta stáit na Rúise á gcomhlíonadh aige agus tá sé ag gabháil do tháirgeadh shatailítí taiscéalaíochta Lotos agus ghunna cabhlaigh AK-176M. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as Lotos sa chogadh foghach ar an Úcráin chun spriocanna a shainaithint agus tá gunna cabhlaigh AK-176M suiteáilte i longa de chuid Chabhlach na Rúise a ionsaíonn trúpaí na hÚcráine le sliogáin.<br>Dá bhrí sin, tá JSC Machine-Building Plant Arsenal ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 391. | JSC NPO Elektromechaniki<br>(АО 'Научно-Производственное Объединение Электромеханики') | Seoladh: Chelyabinsk region, Miass, Mendeleeva street 31, Cónaidhm na Rúise<br>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Teileafón: + 7 8 (3513) 28-86-68<br>Ríomhphost: root@npoe.ru<br>Suíomh gréasáin: https://npoe.ru/ | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é JSC NPO Elektromechaniki. Táirgeann sé páirteanna do dhiúracáin Iskander a bhíonn á n-úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá JSC NPO Elektromechaniki ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 392. | LLC 'Proekt-technika'<br>(ООО "Корпорация 'Проект-техника'";<br>ar a dtugtar freisin Акционерное общество Центр электротехнических решений 'Проект-Техника') | Seoladh: Svobody str. Seoladh: 35, building 22, 125362 Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>Cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta<br>Teileafón: + 7 495 775-62-90<br>Ríomhphost: info@pr-t.ru, sales@pr-t.ru, otm@pr-t.ru<br>Suíomh gréasáin: www.pr-t.ru/ | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é 'Proekt-technika'. Táirgeann an chuideachta feithiclí sainchuspóireacha, mar shampla MTP-A2.7 agus MTP-A2.1, a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá LLC 'Proekt-technika' ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 393. | Joint Stock Company Special Design Bureau Turbina<br>ar a dtugtar freisin<br>JSC SDB Turbina,<br>ar a dtugtar freisin<br>JSC SKB Turbina<br>(Акционерное Общество “Специальное Конструкторское Бюро ‘Турбина’”) | Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 454085, Chelyabinsk region, Chelyabinsk, Lenin Avenue, 2B<br>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br>Teileafón: +7 (351) 7751037<br>Ríomhphost: jur@skb-turbina.com<br>Suíomh gréasáin: https://www.skb-turbina.com/ | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise JSC Special Design Bureau Turbina. Táirgeann an chuideachta réitigh chumhachta a úsáideann cuideachtaí tionscail mhíleata eile na Rúise ina dhiaidh sin chun orduithe cosanta stáit a chomhlíonadh. Táirgeann JSC SDB Turbina gástuirbíní do habhatsair MSTA-S a mbaineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid astu le i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá JSC Special Design Bureau Turbina ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 394. | NPO BAZALT<br><br>(Научно-производственное объединение 'Базальт'<br><br>ar a dtugtar freisin<br><br>ОАО 'НПО 'Базальт') | Seoladh: 105318 Moscó, Velyaminovskaya St., 32, Cónaidhm na Rúise<br><br>Teileafón:<br>+7 (499) 369-01-22<br><br>Facs:<br>+7 (499) 369-24-18<br><br>Rphost: moscow@bazalt.ru<br><br>Suíomh gréasáin<br>https://www.bazalt.ru/ | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é NPO Bazalt. Monaraíonn sé airm buama aerárthaí neamhthreoraithe, córais lansaire gránáide, urchair moirtéil, urchair le haghaidh córais airtléire féinghluaiste agus tarraingthe ag feidhmiú i mód gunna moirtéal, agus gránáidí láimhe.<br><br>Is soláthróir é NPO Bazalt d'Fhórsa Armtha na Rúise ó cuireadh tús le Cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine . Soláthraíonn NPO Bazalt d'Fhorsaí Armtha na Rúise, i measc nithe eile, gránáidí RPG-30, cnuasmhuinisin fhéintreoracha Motiv-3M, Comhchineál Ionsaí Mhuinisin Dhírigh, buamaí FAB-1500. Úsáidtear na hairm sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br><br>Dá bhrí sin, tá NPO Bazalt ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 23.2.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
